

GUTH TUAIRIM

Iml. 2

Uimh. 8

Deireadh Fomhair 1980

EAGRÁN SPEISIALTA

30p



AN TOIREACHTAS
INGAOZHDOB AIR

Cuireann muid fíor chaoineadh failte ón ar gcoróid romhaibhse, cairde an Oireachtas ó chuile chearn de'n tir agus as taobh amuigh dí. Cuireann muid failte go h-áirithe roimh mhuintir na Gaeltachta anoir, aniar agus aneas, go Oireachtas na Gaeilge anseo in ár measc i nGleanntán Ghlas Ghaoth Dobhair. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult agus pléisiúr as bhur seal anseo agus gur le leas bhur spiorad Gaelach a rachas Oireachtas seo 1980.

Ba mhaith linn bufochas a thabhairt do na daoine uilig a scríobh altanna duinn, do Anna Ní Churráin as Dobhar a rinne an pictiúr do'n chlúdach agus do achan duine eile a chuidigh linn er dhoigh ar bith leis an eagrán seo do "Guth 7 Tuairim" a chur ar fail. Go saoláit Dia sibh uilig.

C. Ó Dónaill (Guth 7 Tuairim)
Maire Mhic Niallais.

Nuaire a thosaigh easaontas faci'n Oireachtas a bheith i mBaile Atha Cliath ag deireadh na seascaidí ba bheag a shil daoine go mbéadh an tOireachtas céanna a réachtáil sa Ghaeltacht go luath sna seachtóidi. Mar gheall ar an easaontas seo réachtáil coiste, Oireachtas na nGael i gConamara tri bliana i ndiaidh a chéile, le cruthú go bhfeadfadh Oireachtas foirfe a bheith sa Ghaeltacht. Thug an Coiste náisiúnta í mBaile Atha Cliath áird ar ghuth na Gaeltachta agus mar thoradh ar sin tugadh Oireachtas na Gaeilge go Conamara i 1974. Bhí sé arais ann i '76.

Nuaire a thainig Oifigigh ón Choiste Náisiúnta go Gaoth Dobhair le cruinniu a bheith acu le cursai Oireachtas a phlé ar an 12ú de mhí Feabhra '75, is beag a shil na daoine a bhí i lathair, agus bhí siad ann ó Ghaeltachtaí Thír Chonaill ar fad beagnach, go mbéadh Oireachtas na Gaeilge a láimhseal acu i 1977, gidh gur sin an sprioc a cuireadh rómpa an oíche sin. Moladh duinn Oireachtas Uladh a réachtáil i '75 agus '76 agus da mbéadh toradh fiúntach ar an obair go mbéadh Oireachtas na Gaeilge againn i '77.

Rinneamar mar a duradh linn. D'éirigh go réasunta maith le Oireachtas Uladh da ainneoin na dtrioblóidí 'sna sé chontae agus easpa tradisiúin Oireachtas a bheith i nGaeltacht Thír Chonaill fein, taobh amuigh ar ndoighé de Rann na Feirste. Tugadh moladh mór do'n Oireachtas a bhi anseo i '77. Duradh gurbh é

ceann de na h-Oireachtas a b'fhearr a bhi ariamh ann. An raibh sé gan locht? Ni bhíonn saorí gan locht!

Tá Oireachtas na bliana seo ar an tsúil againn. Tá dícheall, saothar agus dian-obair curtha isteach ann ag an Choiste Aitiuil agus ag an Choiste Náisiúnta, díreach mar a bhí trí bliana o shoin. Bhi an ghaoth linn an uair sin agus tá muid ag suil le sin a bheith amhlaidh aris i mbliana agus go rachaidh an tOireachtas chun sochair dó'n Ghaeltacht agus go mórmhór do labhairt na Gaeilge, ní amháin anseo i nGaeltacht Iar-Thuaisceart Thír Chonaill fein, ach ar fud na Contae ar fad. Ta daoine ann a deir nach dtearn an tOireachtas deireannach a bhi anseo aon mhaiteas duinn agus níl mise ag rá nach bhfuil an ceart acu. Na bíodh sé sin le rá aris linn! Tá neamart agus failli a dhéanamh againn i labhairt na Gaeilge. Creidim féin go bhfuil seo ag tarlu duinn i ngan fhios duinn fein. Bíodh muid aireach faci'n sleamhnú seo. Tá gá le bheith aireach. Tá gá mór leis.

Muna bhfuil muidinne, muintir na Gaeltachta, sasta seo a dhéanamh agus é a dhéanamh anois díreach béidh muid fágtha san deireadh thiar thall le 'Tír gan teanga, tir gan anam' mar a duirt an Piarsach.

Maire Mhic Niallais.

Focal ón Uachtaráin

Is iomai corr a chuir a' saol do o bunáidh an chéad Oireachtas agus ní dóiche go dtiocfadh sé mar a thainig, ach amháin gur cuireadh tú ar Chronradh na Gaeilge ann 1893. Thig linn a bheith cinnte de gurbh é an Conradh a réitigh an bealach do'n Oireachtas agus leoga ba doiligh a léithéid a dhéanamh na blianta céanna sin.


Bhí an tir fací ghlas agus fací shuíle ar námhaid agus bhí móran d'ár gcineadh féin gan míog no cliseadh astú. Ach bhí bua amháin ag an méid acu a bhí tuisceanach agus i ndairfire, bhi siad fíor agus aontaithe le chéile. Chonaic siad nar leor an Ghaeilge a leámh agus a fhoghlaim, gan daoine a chur i mbun pinn a' breacadh síos na Fiannaíochta agus na scealta a bhain leis na Fianna. Chaithidh iad sin a aithris agus a insint i scealta agus fíndánta, chomh maith lenár gcuid cecil fein a chumadh agus a chur i mbéal na ndaoine agus a chur ar a' Chláirseach.

Bhí an biorán suain le baint as na daoine le go bhfeicfeadh siad Éirinn múscaithe in achan chóras, lenar gcamáint a chothú agus a neartú, le aciub agus gáire a chur ionainn, agus mothú an tsaoirse a chur ann fir agus mná oga na hÉireann, le cur leis an dan sin a chum Dubhghlas De h-Íde. "Tá an lá geal ag teacht". Bhí an námhaid ann na blianta sin agus ba doiligh rud ar bith Gaelach a dhéanamh nó an chuid a raibh baint ar bith acu le Gaelachas, ann cumann nó ann cluiche, bhí suíl ghéar, nimhneach, chorraoch orthú agus leoga tá móran do'n angadh sin go foill in ár gcineadh.

Bhí rud amháin amhlaidh leis an chéad Oireachtas nar luaign me, bhí aithne mhaith ag na Gaeil ar a chéile agus bhfurasta iad a chruiinniú. Bhí eolas acu ar mhuintearas agus ar cháirdeas agus bhí fhios acu an námhaid. Bhí fhios acu fostá cé a bhí taobhach leo agus dairíre rud ar bith a rinne siad, rinne siad é le croí agus le anam. Leagadh dubhshraith dhaingeán ar bheagán spais agus ba as seo a d'fhás an aiseiri le Eireannaigh a fhuascailt i gcorp agus ann anam, le eolas a chur ar ár dteanga, ar ár gcuide filíochta agus cecil, ar n-aghaidh a dhíriú i dtreo na Gaeltachta agus ar n-aigne a leagaint ar an tsaiubreasa a bhí acu ansin. Bhí oiliúint agus treoir 'a chur ar fhír agus mhna oga na tíre, i gcarthanás, suailce agus saol soisialta, agus ba sin bun rúta an Oireachtas.

Sin an culra a chruthaíos nach bhfuil aon Fhéile eile is mó agus is onóraigh duinne uilig a chuijmhniú, a chothú agus grá a thabhairt do nó an Feile seo a bhfuil lorg ar gcuide laochra air, idir fhír agus mhna. Sheas siad an fód le dubhshlán ar ndaoirse a thabhairt agus cead a bheith ag na glunta a thiocfadh ina ndiaidh aithris a dhéanamh orthu.

Conall Ó Domhnaill.



Conall Ó Domhnaill, Uachtaráin an Oireachtas.

Seo mar 'chuirim fein gach oíche isteach! Tá mé i mo shuí ag meabhrú ar an am a chuaigh thart. Tá aois mhaith agam. Is de shliocht oirthear na h-Eorpa mé agus cé nach bhfuil móran de mo chineál fágtha tá corr ghaol agam go foill taobh amuigh de chósta na hEireann, cé go bhfuil siad ag eirigh níos gaine gach bliain. Ní seo mar bhí an cas í gcoнал agus is cuimhne liom an tam a raibh mé laidir, flúirseach, agus a dtugtaí onóir domh gach áit ar shiul mé. Is iomaí oíche bhrea áirneail a chaith mé i measc an bhFianna agus fostá an Chracb Rua nuair a bhí siadsan i mbarr a réime in Eamhainn Macha mar a thugtaí air san am. Bhí mé sa chomhluadar an oíche iontach sin a d'Éalaigh Diarmuid Ó Duibhne le Gráinne, agus cé go raibh Fionn tógtha, bhí an eachtra sin ar rud chomh greannmhar agus a chonaic mé ariamh. Ach is iomaí eachtra bhrónach a chonaic mé. Bhí mé ansin nuair a throid Cúchualainn le Ferdia agus bhí mé i láthair nuair a briseadh ar na Gaeil ag Cionn tSáile, mí na Nollag 1601. Goineadh go holc mé fein sa troid an lá sin agus leis an fhírinne a rá ba sin tus mo chuid tricblóide. Ní bhfuair me thairis ariamh.

Cibé reasun a bhí acu, mar níor thog mise lamh le nduine ariamh, bhí fuath iontach ag na Sasanaigh orm agus bhí siad ar mo thoír i gcoinal. Choinnigh mé céim rompu i rith an ama ach chuir an teitheadh agus an mhiúsáid isteach go mor orm. Ba é an buille ba chruidhe mar sin féin no gur thosaigh cuid do mo chairde mo threigint agus ce gur bocht leis na Sasanaigh an tir go h-iomlán a ligint as a gcruba ní shílim gur feidir iad a lochtú leo féin ar son mo staid inniu. Bhí comrádaithe eile agam a raibh na Sasanaigh i gcoinal ina ndiaidh fostá ach tá siad chomh laidir inniu agus a bhí ariamh - neamh chosuill liomsa faraor. Tugtar onóir agus ómos do Chumann Luthchleas Gael agus cosúil leis an lán-mhara ag trá agus ag lónadh bionn siad laidir i gcontae amháin inniu agus i gcontae eile amárach. Ce gur dearnadh gérleanunt ar an Eaglais Chaitliceach sheasaigh sí an fód go maith agus de réir chosúlachta tá níos mó suim a chur sa cheol tradisiunta na bhí le fada an lá. Cad chuige mar sin go gcaithfidh mise troid liom le fanacht beo? Bhí an imirce ina leithséal mhaith ar dtús, mar níor bhfiu móran mise duit thar saile. A ch sé'n rud is measa inniu ní an bheagan úsaid a bhaintear asam taobh istigh de bhallai Theach Laighean. Bhfuil 'fhios agat go bhfuil Teachta Dála ina ionadáil ní amháin do cheantair Ghalltachta ach do cheantair Ghalltachta chomh maith nach bhfuil eolas no tuiscint aige orm? Is mor an masla a thugann na Comhairle Contae fríd an tir domh fostá. Is iad na scoltacha lán-Ghaelacha lasmuigh don Ghaeltacht is mo a thugann uchtaí domh fein. Beidh na páistí seo dilís domh i rith a saoil mar 'seo an tam is furasta deanamh suas liom. Tír mharrbh tír gan teanga agus d'reir chosúlachta muna n-athraigh Rialtaisí sna blinata atá le le theacht a bpolasai ar m'úsaid agus mo theagasc beidh mise ag snámh i naghaidh an Easa go mbaithfear mé. Pól Ó Searcaigh.

Oireachtas agus Oireachtais

Dhá-scór bliain ó bhí mé ag aithbheochaint Oireachtas na Gaeilge agus níor chaill mé ach ceann amháin acu ariamh ó shoin. Bhí an féile ar siúl 'na chéad-cheithre lá de mhí na Samhna agus ní raibh aon chomórtas ag an bhfeile sin. Bhí Comhdháil spéisialta de Chonradh na Gaeilge ar siúl i dteach an Ard-Mhaoir an lá sin go tráthnóna roimh an bhfailltiu oifigiúil agus ba é Cu-Uladh 'bhí sa gcatheacair an lá sin. Bhí drámaí an Oireachtais da leíriú le linn na feile agus bhí cluiche an Oireachtais i bpáirc a' Chrocáil ar an Domhnach. Bhí leacht gach lá ar feadh na cheithre lá agus ba iad na leachtaí na Earnan De Blaighd, Liam Ó Buachalla, Peadar Ó Ceallaigh agus Máirtín Ó Flatharta. Ní shílim go raibh aon duine ó na Gaeltachtaí ag an Oireachtas sin ach mé fein agus lad óg eile as na Rosann, Aodh Ó Duibheannai (Hiudai Phaidi Hiudai) as tóin a' bhaile agus tá mé fein agus Hiudai 'na dha gcomrádaí mhóra ag a chéile 'riamh ó shoin. Bhí Hiudai a' canadh amhráin bhinne ag an Oireachtas sin agus bhua sé duaiseanna ag Féilti 'na dhiaidh sin. Ba mhaith uaidh freisin iad a cheol agus tá fós agus tá sé chomh maith leis an gcuind is féar acu. Ta an dá lad-óga sin óg fós! Ba iad oifigi an aithbheochaint, Rúnáil, Leon Ó Duill; Cisteoir, Eibhlín Ni Chathailriabhaigh; agus an Seabhac, Pádraig Mór Ó Siechru, Cathaocirleach.

Trí bliana o shoin a bhí an tOireachtas i nGaoth Dobhair agus ní dheanfa muid dearmad go luath ar na deich ní dó-dhéag de laethanta geala a chaith muid í. DTír Chonaill ag an Oireachtas sin. Creid é ní na creid ach bíodh fhios agat go raibh cumha agus dioma crainn a' fágail an Lar-Thuaisceirt 'nár ndiaidh an mhaidín fhuar, fliuch, stoirmiúil, bháisti úd. Bhí an tseachtaín cheáanna úd ar cheann de na seachtainí ba mheasa dar shéid as aer. Siabhadh stoirmé-móire, raigeannai ragacha agus dílí troimh, fuara, gríodánta. Bhí sé na sgeana - gréasai ceart, críochnaithe agus sinn a' fágail an Lar-Thuaisceirt a ndiaidh an cheoil ar fad, an spóirt agus an ragairne. Bhí sgáth dubh gruama ar an t'argal anuas go dtí 'na leath agus da mbéadh an oíche ann bhéadh smuit na farraige móire dar gcosge amharc 'fhaíl ar shoillse Thoraí agus bhí ceo - gharóideach na maidhne-móire a' baint an leargais dhinn ar na fágai-móra a bhi a' deanamh mullach-cinn ar mhullach na Mic Ua gCorra. Thainig Connie Coyle agus a bhean a' fágail slán agaínn agus má thainig fein go deimhin ní ar leath-chois a thainig siad. Ar ndó mo léan níor bhfeidir dhul thar tí Hiudai Beag gan seasamh istigh agus lá a

mbéil a sgacile siar sul a bhfágfadh muid an lúchair i n-ár ndiaidh. Bhí cuid eile agaínn ag iarráidh dhul go Min na Leice agus thiocfadh, ach ar ndó ní bhéadh Leo 'na shuí fós, 'tuige mbeadh agus nar fhag muid fein na muintir Rann na Feirste é an oíche roimhe sin ní go raibh an an-mhaidín ann. Spraoí agus ceol agus amhráin an oíche sin agus oícheanta eile agus Seán Chóilín i dtaca lae a' baint lasrachai damhsa as an urlar tí Leo, sé bhí ríocht. Buachaillí agus cailíní na Rosann go spóirtiúil agus go nadurtha cosúil le muintir Ghrianna - ar ndó tá siad fós ann, nar laga Dia iad. Sé' rud is mo sheas díúim ar feadh na seachtaíne-móire úd, na go raibh láthair na gcomórtas agus na n-imeachtaí chomh gar sin da chéile agus chomh congarach. Rud eile bhí na h-Óstain cóngarach go maith agus ar ndóigh mar ar choinnigh muid an chois acu siúd, castar linn é. Ach, an rud a chuir barr-shlacht ar fad ar an bhfeile i nGaoth Dobhair, an réiteach a rinneadh fa na choinne, an obair mhór shlachtmhar a rinne an Coiste agus na h-ófigi díograise agus théis obair na gcapall a rinne siad siúd ar fad gur chuir siad Oireachtas ar bun nach bhfaca mise ar chaoí bith a léithide roimhe na ó shoin. Is creidiúint mhór dóibh é! Ach eist, an mhí seo chugainn beidh Oireachtas na bliana seo arís i nGaoth Dobhair. Tagaí ann a mhuintir na Gaeltachta in bhur slóite, is fiú dhísbh é!

Tom Pheaidí Mac Diarmada.



Noel Ó Gallchóir, Stiúrthóir an Oireachtais.

- C. Caidé nach bhfuil béal uirthí a d' inseodh scéal
duit?
- F. Litir.
- C. Caidé nach dtig le Dia a dhéanamh?
- F. Dha chnoc gan gleann a bheith eatarthú.
- C. Caidé bios coicís ag fas agus coicís ag fail bhais?
- F. A n Ghealach.
- C. Caidé nach raibh agus nach mbionn?

AN T-OIREACHTAS

Mar a tháinig ann do:

Bunaíodh Conradh na Gaeilge 1893. An obair a deineadh o 1893 go dti 1896 a réitigh an bealach don chéad Oireachtas. Cé go raibh Gaeilgeoirí agus foghlamoírí ag fail taithi ar an teanga a leamh agus a scriobh níorbh leor san don Chonradh. Theastaigh uathú neartú le labhairt na teanga agus chuige sin níorbh fhéilte an pobal i gcoitinne a mhúscailt. Tionóladh cruinniu de theachtaí o na craobhacha sa "Cafe Royal" i mBaile Atha Cliath 25 Lúnasa 1896. Socraíodh ag an chruinniu sin.

"That an Oireachtas, or Public Assembly, on behalf of The Irish Language be held annually by the Gaelic League, at which prizes would be offered for reading, recitations, songs, and dramatic sketches in Irish".

Ar nos Eisteddfod na Breataine Bige fograíodh duaiseanna do na daoine ab fhéarr í gComórtas Litríochta agus Reacaireachta. Is ar Irisleabhar na Gaedhilge do mhí na Nollag, 1896 a fograíodh an tOireachtas den chéad uair. Naof gcomórtas ar fad a bhí ar an Chlár. Chuir nócha scríbhneoirí iarratais isteach. Deineadh an mholtóireacht agus léadh cuid de na duaisiarrachtaí ag an Cheolchoirm ar an 17ú de Bhealtaine, 1897.

Bhí T. H. Thomas, Herald Bard an Gorsedd i láthair on Eisteddfod.

B'íad seo céad Coiste an Oireachtais:

Séamus Ó Cathasaigh, Pádraig Mac Cathmhaoil agus Domhnall Ó Conchubair.

Chuir sé fontas ar lucht an Chonartha mar d'éirigh leo an oíche sin. Leigh an Cracibhín an dan - "Eireochamaoid Feasta" - a bhí ceaptha aige don ócaid agus idir an dá chuid de Chlár na Ceolchoirme thug sé oraíd ghairid uaidh da dhearbhú na caillfimisne seod na teanga a tháinig chugainn ón ar sinsir.

"A mhna uaisle agus a dhaoine uaisle:

Tá bród mór agus athas mór orm agus ar gach uile dhuine bhaineas le Connradh na Gaedilge, an cruinniughadh breágh éifeachtach so d'fheicsint anocht. Is maith an comhartha e do chuis na Gaedhilge, agus is mór an brostughadh é do na dacinibh sin atá ag obair go teann agus go croidheamhail ar a son. Tá ann ar dtimchioll anocht daccine maithe mór, daccine fíora fearamhla foghlamtha, bailiogha le chéile ar gach cearda í n-Eirinn agus iad ar aon intinn amháin, agus buidheachas le Dia is í an intinn sin teanga na tire do shábháil ó'n mbás. Tá píobaidhe na h-Eireann ag seinnimh go milis i n-ár láthair anocht, tá cláirseach na h-Eireann ag spreagadh cecil bhinn i n-ár gcluasaibh, tá caint na h-Eireann ag musgait arís, ann ar

gcroidheachaibh, na smuainte do bhí le bliadhantaibh 'na gcodladh. Támaid ag bualadh buille laidir ar son Eireann anocht, buille níos laidre 'na do shaoilfea ar dtús, óir támaid ag taisbeant do'n domhan mór go bhfuil an tréan-Eire, Éire na Gaedhilge, beo ann go foill, agus támaid ag dul 'n ar mbannaidhe go mbéidh si beo ann go bráth.

Nár leighidh Dia go dtiucaidh an t-am nuair shínfidís náisiúna an domhain an mear 'n ar n-aighidh, ag rádh go sgigearmail, feuch iad, tir gan teanga, tir nach cóir dí bheith saor, mar nach gcuireann sí suim ins-na neithibh bhaineas le sacirse."

Fuair an tOireachtas ard-mholadh sna nuachtáin in Eirinn agus thar lear.

Cuntas i mBearla is mó a bhí ann ach bhí an méid seo ar an "Cork Weekly Examiner".

"D'éis an mhór-thionólá úd i bpriomh-chathair na hEireann ardeochadh gach fíor-ghaedheal a cheann. Mátá sé buailte in aigneadh Gaedhilgeoirí na tuaithe gur chomhartha ísleachta agus aineolaíosa teanga ar dtíre, buailtear amach arís gan mhoill é. Tá an baire againne don chor so agus coimeadfar é".

Tugadh le fios don saol go raibh an teanga beo fós in Eirinn. Ar an ábhar so shocraigh an Conradh ar Oireachtas a chomóradh uair sa bhliain feasta agus ar a scóp a leathnu.

Níor chosann an chéad Oireachtas san ach £140 ar fad ach féach a dtainig da bhárr san ó shin. Ón chéad Oireachtas féin san tháinig "Go mairidh ar nGaedhilg Slán" a aithníodh mar The Rallying Song of the Gaelic League. Tháinig moltaí spéisiúla ar aghaidh sna haistí a chuireadh isteach don chomórtas "Cionnus is fearr meádochthar duíl daccine san Ghaedhilg?" ("How to popularise the Irish Language"). Miss Alice Milligan, Belfast Gaelic League a ghnothaigh an duais, £10 a chuir William O Briain ar fail. Cuireadh cuid mhaith de na moltaí úd i bhfeidhm do réir a chéile o shin ach is abhar argóna fós roinnt eile acu.

Ceathrar agus tríocha a bhí san ionaíocht sa chomórtas seo. Tugadh ard-mholadh don cheathrar eile seo: Tomás Ó hAodha, Ardchraobh, Baile Atha Cliath; (is mó moladh agus duais a fuair an Tomás ceannana na blianta ina dhiaidh sin): Aindrias Ó Scanáil, Magh Chromtha; Donnchadh Pleimionn, Craobh na Laoi, Corcaigh; Diarmuid Ó Foghludha, Conradh na Gaeilge, Béal Feirste.

I gcás an aiste seo glacadh le hiarratais i nGaeilge nó í mBearla. Tháinig sé cinn i nGaeilge ach ba í mBearla a bhi duaisiante A lice Milligan.

Chuir Miss E. Skeffington Thompson duais trí ghinií ar fail do aiste ar "Créad is carthanacht ann". Abhar tor go leor a mheasfa ach chuir cuigear déag isteach air agus chuaigh an duais chuit Pádraig Ó Seaghda (Conan Maol) Conradh na Gaeilge, Béal Feirste agus tugadh ard-mholadh do P. T. MacGinley (Cú Uladh), Béal Feirste.

Chuir triúr déag isteach ar chomórtas eile ar an dul céanna faoin teideal "Créad is Fírinne ann?" agus chuaigh an duais dhá ghinií chuit John C. Ward, Donegal Gaelic League.

I gcomórtas eile bhí duais £5 do "Dornlach de D hántaibh no d'abhráibh no de sgéaltaibh Gaedhilge nar cuireadh i gcló roimhe". Mícheál Ó Máirtin, Gortadóo, Baile an Fheirtearaigh a ghnothaigh an duais seo. Cuigear ar fad a chuir isteach ar an chomórtas agus dar leis na moltoiri: The collection sent in by the winner contains some fine poems, but unfortunately no stories. I measc na ndánta bhí "Na Bearta Cruadha"; "An Maide Bréagh Deil"; "An Luachair"; agus "Cuan Bhaile Sheaghain". Sa chomórtas "Baint Urlabhra le Naisiuntacht" (The Influence of Language on Nationality) bi Norma Borthwick o Chonradh na Gaeilge Londain a ghnothaigh an duais £5. Ni raibh sí í láthair chun a aiste a leamh. Bé an tAthair

Mícheál P. Ó hIceadha a leigh an aiste agus ghlaic Fionán Mac Coluim, Runaí an Chonartha i Londain an duais thar a ceann. Mór shéisear a bhí san ionaíocht.

Is fiú giota den duaisiante sin a thabhairt: "Is í an teanga. i. an tsúligh ar a ndéanamh malairt smuainte le chéile, an comhartha cinidh is dearbhtha ar bith, mar bhídeann sí ins an am céudha ag tabhairt agus ag glacadh feula is doimhne ar n-ardhean agus ar nós náisiunta thar aon nidh eile ins an domhan.

Ní í n-éagsamhlacht na bhfocal amháin atá an comhartha tforamhail so le faghbhail: atá se le mothughadh í ndealbhadh na teangaíodh go léir, i gcumha a coimhréire, i méad a foclora, í n-a milseacht no í n-a garbhacht, agus í rud éigin uilelaithreach atá ann, ar a nglaodhmuí "an spiorad" - a beatha, a h-anam. Atá ag gach teangaíodh a h-oireamhain agus a coimhshéinní fínein, í n-a bhfuil roinn de spiorad agus d'aigéandach an chinidh.

Ní feidir uraghall do ghleusadh ar aon bhall agus a chur ós comhair na ndaccine leis an aithne "Is mar sin labrochas sibh": is ar smuaineadh na n-aos fada - agus ar an gcaint, atá ag cur cuma ar na smuaintibh - thig teanga náisiunta amach; agus ar an ádhbhar sin bidheann sí 'na comhartha dhearbhtha ar an inntleacht ar leith atá ag a cineadh fínein."

Ní fada ina dhiaidh sin go raibh Norma ar ais in Eirinn. Dhein sí runaíocht ar an Oireachtas bliain amháin.

Ghnothaigh Diarmuid Ó Foghludha an duais cúig phunt ar "a song of The Gaelic League Movement, with chorus, suitable for singing at Gaelic League meetings" le "Go Mairidh ar nGaedhilg Slán". Fuair Tadhg Ó

Donnchadha (Torna) agus Seosamh Laoide ard-mholadh. Tháinig Osborn Bergin "Cradh Croidhe Eigeas" chun tosaigh ag an chéad Oireachtas leis. Fuair sé an duais cúig phunt ar "Tri abhrán, gan ós cionn sé rann in aon cheann aca". Fuair Tadhg Ó Donnchadha duais speisialta trí ghinií. Mórsheisear iomaitheoirí a bhí ann.

Chuir naomur déag isteach ar a recitation in poetry or otherwise ach níor tháinig chun iomafochta ach deichniú, rud a tharlaíonn go dtí an lá inniu go gcuireann daoine isteach agus nach dtagann siad.

Fuair Seosamh Laoide duais cúig phunt ar

"Dán ar 'Cheannaibh Gaedheal' nó ar 'Mhór-ghníomh eigin i stair na hÉireann'". Ni raibh ann ach an taon iomaitheoir amháin.

Bhain furmhóir na nduaiseoirí ag an chéad Oireachtas san, caill amach doibh féin thar na blianta ina dhiaidh sin.

B'íad seo a leanas na moltoiri: Tomás Ó Flannhaile, An Craoibhín, Rev. E. Hogan, S. J., An tAthair M.P. O hIceadha, Eoin Mac Neill, Rev. J. E. Murphy, Ollamh le Gaeilge, Coláiste na Trionoide agus an tAthair Peadar Ó Laoghaire.

Clár na Ceolchoirme:

Tomas Rowsome a chuir tú le clar na hoíche agus shein sé "An Chuilfhiún" ar na píobáí. Bhí beirt phíobaire eile An tOllamh Garaghan agus R. L. Mealy páirteach in imeachtaí na hoíche freisin. Thug beirt chruitire taispeantais leis - Mrs. Kenny a gus Owen Lloyd agus bi Miss Harriet Rose Byrne an t-amhranaí aonair. Chan cor spéisialta "Go Mairidh ar nGaedhilg Slán" gleasta ag Dr. Annie W. Patterson. Is mar a leanas atá sa tuairisc oifigiúil:

"A choir of twenty-five ladies and gentlemen, many of whom were members of The Dublin Musical Society, had been specially trained by Dr. Patterson and a few members of the Gaelic League, and although none of them knew Irish, they pronounced the Gaelic with great correctness. The rendering of this composition was by many regarded as the piece de resistance of the evening..."

Bronnadh na duaiseanna, léadh giotaí astú. D'aithris An Craicbhín a oid agus thug se oráid. Moladh agus glacadh le ruín ag gabháil bufochais le hiliomad daoine agus dreamanna.


Mr. J. J. O Meara, T.C. ionadai Ard Mhaoir Bhaile Atha Cliath a bhí í gceannas. Bé an tArd Mhaoir Uachtaran an Oireachtas ach bhí sé tinn an oíche sin.

I measc na dteachtaireachtaí a tháinig bhí an ceann seo ó Eoghan Ó Gramhna, Prescott, Arizona:

"Ní fheudaim-se bheith in bhur bhfochair, la an Oireachtas ach dearbhaim dhaoibh go mbeidh na céadta agus na mílte Éireannach ins an tir so ag feitheamh ar bhur n-obair, agus iad ullamh chun congnamh agus cabhair do thabhairt daoibh".

Padraig Mac Piarais.

Amharclann Ghaoth Dobhair i dtús na Seascaidí.



Rann do Pháistí

Tháinig an dá spág isteach agus shuigh siad ar bhac
Tháinig an dá mhurnán isteach agus shuigh siad ar a dá spaig

Agus shuigh an dá spaig ar a bhac
Tháinig an dá lorgain isteach
Shuigh a dá lorgain ar a dá mhurnán
Shuigh a da mhurnan ar a dá spaig
Agus shuigh a da spaig ar a bhac

Tháinig a da ghlún isteach
Shuigh a da ghlún ar a dá lorgain
Shuigh a da lorgain ar a dá mhurnán
Shuigh a da mhurnan ar a da spaig
Agus shuigh a da spaig ar a bhac

Tháinig a da lairg isteach
Shuigh an dá lairg ar na gluine
Shuigh na gluine ar na lairgneacha
Shuigh na lairgneacha ar na murnain
Shuigh na murnain ar a dá spaig
A gus shuigh a dá spaig ar a bhac

Tháinig a tón isteach
Shuigh a tón ar na lairgneacha
Shuigh na lairgneacha ar na gluine
Shuigh na gluine ar a dá lorgan
Shuigh an dá lorgan ar a da mhurnán
Shuigh a dá mhurnan ar a da spaig
Agus shuigh a da spaig ar a bhac

Tháinig a droim isteach
Shuigh a droim ar a tón
Shuigh a tón ar a da lairg
Shuigh a dá lairg ar a dá ghlún
Shuigh a da ghlún ar a da lorgain
Shuigh a da lorgain ar a dá mhurnán
Shuigh a da mhurnan ar a da spaig
Agus shuigh a da spaig ar a bhac

Tháinig na guailneacha isteach
Shuigh na guailneacha ar a droim
Shuigh a droim ar a tón
Shuigh a tón ar a da lairg
Shuigh a dá lairg ar a da ghlún
Shuigh a da ghlún ar a da lorgain
Shuigh an dá lorgain ar a dá mhurnán

Shuigh a dá mhurnan ar a da spaig
Agus shuigh a da spaig ar a bhac
Tháinig a muineál isteach
Shuigh a muineál ar na guailneacha
Shuigh na guailneacha ar a droim
Shuigh a droim ar a tón

Shuigh a tón ar a da lairg
Shuigh a da lairg ar a da ghlún
Shuigh a da ghlún ar a da lorgain
Shuigh a da lorgain ar a da mhurnán
Shuigh a da mhurnan ar a da spaig
Agus shuigh a da spaig ar a bhac

Tháinig a ceann isteach
Shuigh a ceann ar a muineál
Shuigh a muineál ar na guailneacha
Shuigh na guailneacha ar a droim
Shuigh a droim ar a tón

Shuigh a tón ar a da lairg
Shuigh a da lairg ar a da ghlún
Shuigh a da ghlún ar a da lorgain
Shuigh a da lorgain ar a da mhurnán
Shuigh a da mhurnan ar a da spaig
Agus shuigh a da spaig ar a bhac

Ta lúcháir orainn go bhfuil na Comórtais Ardáin a reachtail i mbliana le linn Cireachtais na Gaeilge i nGaoth Dobhair. Siad na bun-chuspóiri céanna atá ag an dá Fheile - cultúr na Gaeltachta agus na tire a chur ar Ardán tre mhean na Gaeilge agus ócaid a chur ar fail do Ghaeil na tire buaileadh lena chéile.

Táimid an-bhuíoch do Choiste Naisiunta agus aitiúil an Cireachtais as cuireadh a thabhairt don Udarás na Comórtais Ardáin a reachtail le linn na Féile. Tá na Comórtais Ardáin ar siúl anois le roinnt mheasarthá blianta agus bionn togha an cheoil agus aisteoirí eacnamaíochtaí ins na Gaeltachtaí eagsula ar fud na tire agus glacann siad páirt i gcomórtais mar Tráth na gCeist, Drámaíocht, Grúpaí Ceoil, Amhránaíocht, agus agallaimh beirte. Le atmósfeár an Cireachtais timpeall air i mbliana tá fhios againn go mbeidh sult agus tairbhe le baint ag gach éinne as an deireadh seachtaine.

Donal Ó Muiri,
Oifigeach Cultúr agus Teanga,
Udarás na Gaeltachta.

Nuacht Rann na Feirste - curtha le cheile ag Eamán Ó Dufaigh

Chítear domsa go bhfuil muintir Rann na Feirste an-saibhir. Ta tré chuí agam chun an ráiteas seo a bhreacadh síos. Ar dtús, nuair a bhí mé ag dul thart do Ghaoth Linn, fuair mé 60 ball úr chun dul isteach sa chranncur míosúil a eagraíonn an dream sin. Seo cúram Danny Donaí agus béisidh seisean ag dul timpeall na dtithe ag bailiú an airgid achan mhí - ádh mór ort a Danny. Dála an scéil, bhuaidh Fannie Donaí duais £100 ag Bingo an Chlochán Leith ar na mallaibh.


Tugaim facídeara fostá go bhfuil na gleásanna CB iontach coitianta sa cheantar. Tá na rudai seo an-chostasach - idir £100 agus £300. Anseo, thig leis na páistí óga na gleásanna a úsáid fiú amháin. Oíche amháin lasmuigh de Thigh Phaidí Óig, bhí aerog CB ag achan dara carr. Ó thosaigh mise ag dul go Rann na Feirste, tá cuid mhaith tithe galánta tóigh ag lucht an bhaile, ina measc Mícheál Mhadge, Joe Agnes, Donncha Eddie, John Ghraínne agus Micí Mary Mhicí. Amuigh i Loch n Deorán, tá na tithe úra go flúirseach fostá - Peadar Phat, Johnny Mháire, Paidí Shíle Moíre, Síle Bhraighní Hiúdáí agus Hughie Bhraighní Hiúdáí fein. Seans go mbeidh loisteiri ag Hughie sa seanteach agus sa teach úr an bhliain seo chugainn? Béisidh tú gnoithach ansin a Hughie!

Turas Craifeach

Ag trácht ar mhuintir Bhraighní Hiúdáí, tá an bhean a' tí agus Sandra ar shiúl ar thuras craifeach go Lourdes. Tá Marie imithe fostá. Táim ag déanamh nach mbeidh a mhacasmhail d'ait ann, muair a thig siad abhaile.

Oibríonn Marie i monarcha Comer Yarns i nGaoth Dobhair agus tá ráflaí ag dul timpeall go bhfuil tabhacht faoi leith ag baint le h-eochracha sa mhonarcha chéanna. Cupla bliain ó shin, bhí sí istigh ar chomórtas an Chailín Gaelaigh ach is léir go raibh na tortháin contrailte, mar creid nō na creid, ní bhfuair sí an chead ait. Tá muintir an tí seo iontach flaithiúil, foscaílte, cairdiúil, agus glacann siad le strainseirí go furasta.

Teach Hiúdáí Beag.



Cháith mise mí luil í dteach Eibhlín Sam amuigh i nDoire na Mainséar, an teach is faide ón cholaiste ach b'fhiú é, mar teach ar doigh a bhí ann. Ní raibh loisteiri ann le blianta beaga amas ach thosaigh siad a gcoinneáilt aris i mbliana. Bhí deartháir fhear a' tí s'againe ag coinneáilt loisteiri i mbliana don chead uair, mar tá siad tar éis aistriú ó Mhín na Leice. Ár ndóigh John Ghraínne atá í gceist agus tá sé ar fhoireann an Cholaiste Samhraíodh mar mhuinteoir damhsa. Tá a dearthair eile ag teagasc sa Cholaiste festa. Tá aithne ag achan duine ar Hughie Mór.

Síle agus Tom

Tá iníon John Ghraínne, Síle geallta do Tom Bhraighní Hiúdáí Hodgins. Is cinnte go bhfuil an bheirt acu cleachtaithe leis an trá thart fa chosta Thír Chonaill anois. Ta sé doiligh a chreidiúint go bhfuil Tom sé bliana is fiche. Tá fontas na n-ontas orm go bhfuil sé abalta madadh Shíle a láimhseail mar ma chuireann tú ceist orm tá sé contúirteach fíain. Dúirt Síle liom, tráth amháin go bhfuil tú i mbaol má tá briste a chaitheamh agat. Sin rabhadh dona stócaigh uilig. Dála an scéil, ta ceithre nó cúc mhadadh ag Cissie Mháire agus muair a bhuaileann mé isteach anois is arís, bionn orm fanacht ag bun na sráide go dtí go dtig sí féin amach. Ansin bím slán. Bhí leanbh beag Hughie Eibhlín ag stopadh le Braighní agus Eibhlín ar feadh cupla seachtain. Bhí Eileen chomh tugtha do, gur éirigh sí as a cuid oibre ar feadh coicise chun togha na h-aire a thabhairt do. Ni raibh Sorcha bhocht abalta a léitheid a dhéanamh, áfach, mar bhí sí gnoitheach i dteach Sarah Dan ag an am le scaifte ó Ghael Eagras. Nach meanar do Sheamus Ó Bacail, gasúr Phaddy Tharlaigh Phaidí. Fuair sé seacht onóir san Ard Teist agus fací láthair tá sé ag deánamh leighis thuas i mbáile Atha Cliath. D'éirigh chomh maith le Caitlín Ann. Dearfainn go bhfuil a dtuismitheoirí bródúil astu. B'fhuath liom na scrudaithe i gcoiné agus níl sé ar tí agam mo chuid tortháin féin a fhogaírt.

Cóiríthe suas

Cluinim go bhfuil Treasa Mhuiris Kit ag obair anois i gClochar inteacht, áit inteacht sa chontae, ach is feidir leat bheith cinnte nach bhfuil sí ag gabháil isteach s'na mna rialta - silim. I rith an tSamhraíodh bhí sí ag obair in ostan sna Cealla Beaga. Is iomaí oíche Aoine, muair a bhíonn sí sa bhaile go mbíonn sí coiríthe suas ag a hocht a chlog - ag fanacht ar na stócaigh gan amhras.

Tá Teach na Colaiste lan arís le linn an Oireachtais. Ni bhíonn Eileen ina h-aonair ro-mhinic áfach mar tá scoláire Ghaoth Linn aici fostá. Níor thainig ach beirt acu go dtí Tír Chonaill i mbliana - gasúr ag stopadh le Proinsias Ó Maonaigh i gCois Cladaigh. Má tá sé í gceist agat dul ar cuairt chuig Sarah Mheáidí, na gabh má tá Dallas ar an teilifís, mar diúltaíonn sí glan rud ar bith a rá fhad is a bhíonn Dallas ar siúl. Mhathaigh mé go bhfuil a fhios aici cé scaoil J.R. Ewing.

Cursaí í gCiarraí

Mí ó shin, bhí scaifte ó Rann na Feirste agus Anagaire thíos i gCiarraí ar thuras peile - Patsy Ann, Tony Dochartaigh, Hughie Beag, Donncha Eddie, Paddy Eibhlín agus Colm William ina measc. Deirtear liom go raibh Colm i gceannas ar an scaifte uilig. Ce gur chuala mé cnap scealta facin deireadh seachtaine úd, níor chuala mé iomra ar bith ar an chluiche a d'imir siad féin. In amanna, bionn mé in amhras an bhfuil suim no duil acu i bpeil ar chor ar bith ach caithim a admháil gur eisceart Paddy Eibhlín, mar tá sé iontach eolach ar an chluiche.

Brandy

Ma chí tu Escort glas ag dul thart, thig leat bheith cinnte go bhfuil Rosie Anna Bige ar chúl an rotha agus a madadh, Brandy bídeach ina hucht aici. Níl a fhios agam an bhfuil sé fíor go bhfuil sé ar intinn aici Brandy a thógail suas go Baile Atha Cliath chun a fhionnadh a ghlanadh, a ní agus a ghearradh. Is soileáir domsa go bhfuil dul iontach aici ann. Mar fhocal scoir, caithfidh mé Tigh Hughie Tim a lua. Nílím ag iaraidh feachtas bolscaireachta a chur ar bun do Thigh Hughie Tim, ach sílim go bhfuil sé go h-iontach mar ionad Disco. Ba ghnáth liom dul ann achan oíche Shathairn agus bhí me sona sasta leis í gcoiné. Mo chomhairle duit - gabh ann agus béisidh oíche ar doigh agat.

An chead uair do rith liom dul ann is Oireachtas na Mumhan a bhí anso i mBaile Átha an Ghaorthaidh agus do tháinig fear ón áit chugam chun dul isteach ar Comórtas sceálaíochta. Dúirt leis go ndéanfainn, mar do theastaigh uaidh go gcuirfeadh muintir na haité suim san Oireachtas sin.

Sé an chuas a bhí ag an bhfeart sin le theacht chugam no go rabhthas ag aistriú corp cigire a fuair bás go tobann thuas i mBaile Atha Cliath, agus do cuireadh san sean Reilig i nGuangan Barra é.

Sin fear maith a bhi anso fadó.

Baile ana-dheas is ea an Guangan Barra agus muair a tháinig an sochraid isteach sa tsráid, do bhí slua fontach timpeall.

Tháinig Ard Chigire amuas leis an chorp agus dhfan sé trí lá san Óstan i nGuangan Barra. Sul ar cuireadh an corp isteach sa tSéipeal tháinig na gaolta chugam chun an Choróin Mhuire a rá sa tSéipeal.

D'éisigh liom go brea buiochas le Dia agus Muire agus ní raibh leath mo dhóthain óltá agam! Tareis an Choróin Mhuire deirim paidir na Maighdine Muire air gach torramh.

Ansin chuamar go léir amach chun an tábhairne agus sin, an chead cheist do chuir an Cigire sin ar na gaolta; "No ce a duírt an Choróin Mhuire sin?"

Dúradar gur bé a léitheid seo de dhuine agus sé an freagra a thug se ortha; "Níor chualas ariamh a léitheid".

Ansin bhí deoch againn sa tábhairne agus thosaigh mo dhuine ag innse dom mar gheall ar an Oireachtas i mBaile Atha Cliath, nach mbéadh ach dhá dhuais le fail ar an sceálaíocht ach bhféidir go mbéadh seachtain saor agam as an seal i mBaile Atha Cliath!

Do bhí slua mór istigh agus iad go léir ag eisteacht. Sé an freagra a thugas air; "Gur bhfearr liom dul go Baile Atha Cliath mar bhféidir gur bean a bhéadh agam ag teacht abhaile," agus dheain sin spórt do'n tig!

Oireachtas na Mumhan ansin! Da fhaid é an lá tagann an oiche, tháinig an lá agus chwas síos tranona Dé Domhnaigh.

Mar deir an sean fhocal "Tareis gach gníomh tuigtear gach beart". Do buadh orm! Sean Ó Duinnín agus Donnchadh Ó Luasaigh, comharsain dom!

Níor chuir sé faié de shearbhús orm an dóigh leat? Duine de na moltóirí ab ea an tAthair Ó Fiannachta, an buachaill is féarr 'sna fiche sé Contae.

Fuaireas ard-mholadh ón sagart sin, do thaitin an scéal go mór leis agus thug sé foirm dom chun é a líonadh.

Agus ar dul suas Baile Cliathar feadh seachtaine, is thuas ansin do casadh muintir Dhún na nGall orm agus Chonamara agus tá meas mór agam air gach duine acu. Bíonn ana-chraic againn 'rith an lae í Barry's.

Thugas féidir leat agus tá a lá an dhaointe óga ag teacht isteach ann agus is deas an rud é sin. Ní raibh ach cúigear ar fad againn ón gCúige Mumhan agus tá a lá acu go híontach chun canadh, seinnt agus rinne.

Do tháinig bean deas fum, níl ach suíl aithne agam uirthí. Thog sí aithriseoracht uaim air an teip. "An Capall" a tugtar air.

Tá fhios agaibh fein go raibh an tOireachtas i gConamara. Chuas ann, siar amach in aice leis "bPóitín Still".

An chead Domhnach bhí an tAifreann i gColáiste Lurgain agus Easbog na Gaillimhe a leigh an tAifreann, Ó Cathasaigh, duine uasal ceart, agus meitheall dó-dheag sagart agus cé a bhí ann ach an tAthair Ó Fiannachta!

Tareis an Aifrin chwas a' trial air agus bhí deoch agus canadh againn i rith na seachtaine, mar ba in é an sagart do chuir mise san Oireachtas an chead uair!

Mícheal Ó Murchú,
Baile Átha an Ghaorthaidh.



Fiu amhain má shil muid le fada go raibh eliteachas éigin ag baint leis an Oireachtas - eliteachas a dhéanann feile mionlaigh de - mar sin féin rinne muid ar geon féin muair a socraíodh go dtiocfadh an tOireachtas go Gaeltacht Thír Chonaill den chead uair ariamh ag Samhain na bliana '77. D'fhreastail muid ar chruinnithe an Choiste Áitiúil go dtí go bhfacthas dúinn go mb'fhéarr duinn cloí le réimse amháin gníomhaíochta. Isteach in uaigneas ar gcillín linn gur chuir muid bail ar fhocail i nduill is go mbéadh peannadoiri onnallacha i measc bhuataeoiri na gComórtais Liteartha. I nduill is go mbéadh nóimead glóire againn. Agus bhí. Ach thuigeamar oiche an bhrónnta i Radharc an Eargail go mba bheag a b'fhiú ómos fhear Éireann agus go mba thábhachtai an meas priobháideach na an t-ómos poiblí.

D'ullmhaigh muid an t-agallamh beirte. Líonamar an oiche lenar gcomhrá agus líonamar na béraí leis an agallamh. Bhí muid ar crith is ar bí. Rinne muid ar ndícheall agus bhuaile Neilly Mulligan muid. Domhnach feantach Samhna.

Cheannaigh muid an deoch udai do Tom Phaidi as Connamara mar a gheallamar. D'éisteamar le Joe John agus bhaineamar pléisiur as an cheol. Bhí muid chomh páistíuil leis an dara duine agus nach muid a bhí sásta muair a fuair muid suiochan maith san Amharclann do Throm agus Eadrom. Rinne muid ar gcomhrá le Maitiu le linn an fháiltithe 'tí Hughie Tim. Bhí muid sásta leis an Oireachtas. Mhol muid e. Ó, a Dhis, nach muid a bhain sult as Oireachtas '77.

Ní raibh mé ag eruinniú ar bith i mbliana. Níor scríobh me dada. Char chruthaigh mé agallamh beirte. Thug Conall fum da thairbhe sin. Ni sheasfaidh mé deoch do Tom Phaidi. Seachnóidh mé Trom agus Eadrom má bhíonn sé ann agus ní le samhas leis an dátheangachasbhrean Mhurchúch amháin a dhésanas mé amhlaidh. Má chluinim Joe John fríd ghlinnte an aeir is amhlaidh a chuirfeas se cumha orm. Is millteanach an rud imeacht na mblian. Is creatnach an rud an t-eadóchas ...

Le Peigí Rose.

AN TOIREACHTAS

NA CEISTEANNA

Cuirtear na ceisteanna: An bhfuil feidhm leis an Oireachtas? An bhfuil sé ag dul i bhfeabhas? An bhfuil se ag dul in olcas? An chóir den bhFeile bheith san Ghaeltacht no san nGalltacht? An bhfuil dótháin den phobal ag freastal air? An airgead amú é? An bhfuil se ar an bhFeile chultúrtha is féarr agus is fairsinge san tir seo/san E.E.C./sa domhan?!!!

Is maith go bhfuil siad a gcur, na ceisteanna céanna. Nil mise 'dul iarracht a dhéanamh iad de fhreágairt anseo. Is gá an tOireachtas d'iniúchadh ó bhun go barr. Is mo athrú atá ag teacht ar an saol Fódhlach, agus ar saol Ghaeltachta ach go hairithe, o bhliain go bliain. Mas mian le lucht a eagraithe go mbéidh an tOireachtas ina chumhacht cultúrtha sa tir seo, mas mian leo barr-shaothair cheoil, litríochta agus ealaíona na tire do léiriú, is gá scrúdú leanúnach do dhéanamh ar scóip agus leagan amach an Oireachtas.

Béidh na sluaite Gael i nGaoth Dobhair, mí Deireadh Fómhair. Béidh eagair maith ar an bhFeile, béidh ceol agus ól, comórtais agus craic, ceolchoirmeacha agus comhra. Bainfimid taithneamh as. Bainfimid úsáid as an tseachtain chomh maith le machtnamh agus moltaí do dhéanamh.

Guim rath ar Féile an Oireachtas, 1980.

AODH Ó DOMHNAILL,
Cathacairleach, Coiste Náisiúnta.



Marcus - Cúchulainn na Rosann


Seo sceal a théann arais trí chead bliain. Scríobhadh síos e o Eoin Mac Phionnaile, Mullach Dubh ar an 10ú Lunasa 1934. Bhí Eoin 86 bliain d'aois an tam sin. "An lá fa dheireadh chuaigh mé thart le cileán ar loch Mhullach Dearg. Oileán Sheáin a bheirtear air agus thug sé in mo chuimhne go deachaidh mé thart leis an oileán cheanna 75 blian ó shoin le mo shean athair agus mé i mo ghasúr, bliain déag d'acais. Chuir mé ceist ar m'athair caidé ba chuis leis an tsean bhothog a bhí togha ar an oileán. Seo an sceal a d'ínis sé domh; bhí fear darbh ainm Sean Ó Dónaill na chonáin i mBaile a'Mhaghnuis i Mullach Dubh fad o shoin. Bhí sé posta agus chaith sé cuid mhór ama ag seilg agus ag iascaireacht ar an fharraige. Lá amháin bhí sé amuigh ar a bhád. Tháinig bacach isteach chuig a bhean cheile agus d'iarr rud inteacht le h-ithe. Thug an bhean neart arán coirce do ach ní raibh le snáthadh leis ach uisce. Níor dhúirt an fear siúil a dhath go raibh deireadh ite aige. D'éirigh sé ansin ag imeacht agus ba é an t-altú a thug sé, iarraidh ar Dhia neart den da chineal bi a bheith aicí i dtólamh. Ba é an manadh a bhí ag muintir na Rosann san ar go bhfaigheadh bochtán achaine ar bith a d'iarrfadadh sé ar Dhia. Nuair a tháinig Séan isteach fuair sé a bhean ag bog-chaoineadh cois na tine. Bhí leisci uirthí inse do caidé ábhar a broin gur chuir sé bróthladh uirthí. D'inis sí ansin caidé tharla indiadh béisí. Chuir Séan air a cháibín. D'fhiafraigh caidé'n bhinn den teach a d'fhág an bacach agus lean do. Tháinig sé suas leis ar thrá na Cruite. D'iarr Séan air a theacht arais go dtabhairfeadh sé béisí eisc do - no bhí neart eisc le Séan ag teacht ón fharraige do. Dhiúltáigh an bacach pilleadh. Throid an bheirt agus ba é an deireadh a bhi air gur mhabair Séan an Connachtach. Ins an am sin ba ghnáth le bacaigh Chonnacht a theacht go Tír Chonaill agus siúleoirí Thír Chonaill triall go Connachta.

Níor bhfada go deachaidh sceal an armha go Connachta. Bhí fhios ag Séan go mbéadh na Connachtaigh amas air ar shon díoltais. Seo mar thóg Séan an bhothog ar Oileán Sheáin i loch Mhullach Dearg. Nuair a tógadh é chuaigh Séan agus a mhac Marcus 'na gconáin, agus rinne siad scoru le Dochartaigh Mhín Beannaid taobh a' tsléibhe den oileán a choimhéad agus le Dochartaigh Bheal na Cruite taobh na farraige a choimhéad. Má tchíeadh Dochartaigh Bheal Cruite namhaid ag teacht o thaobh na farraige bhí siad le comhartha a thabhairt do Sheán agus a mhac sa doigh go mbéadh siad ábalta éalú bealach a' tsléibhe. Agus mar an gceanna da mbéadh an tóir le theacht bealach a' tsléibhe bheádh ar Dochartaigh Mhín Beannaid comhartha a thabhairt. Seo an bealach a tháinig an tóir agus ceart go leor níor fheall Dochartaigh Mhín Beannaid ar Sheán agus a mhac Marcus. Chomh luath agus fuair Séan an

comhartha léim sé fein agus Marcus isteach sa churrach agus d'iomair suas a loch bealach Ghleann Mór agus Ath na Gath. Chonaic an námaid an currach ag teacht suas a loch agus rinne siad dhá bhaicle dóibh fein, gasra amháin ag siúl taobh leis an loch agus an dream eile níos faide ar shiúl. Chomh luath agus bhail an currach an talamh léim Seán agus Marcus amach agus thug aghaidh ar na cnoic. Ar an bhomaite chuaigh na Connachtaigh idir iad fein agus an bád ar eagla go bpíllfeadh siad agus go rachadh siad ar a' loch arais. Leath mhíle a chuaigh Sean gur thuirseigh sé siocair gur bun shean-duine a bhí ann san am. Thainig na Connachtaigh suas leis agus mhabair siad é i nAilt Sheáin Uí Dhónaill mar is ainm do'n ait inniu.

Bhí Marcus ina óganach lúthmar gasta agus chuaigh sé níos faide suas a gleann gur casadh an dara baile den námaid air ag an Chrois Ghleann. Istigh ansin shil Marcus go raibh foscadh aige mar tá spinc ard sa ghleann seo. Chuir Marcus a dhroim leis a spinc agus thug sé dubhshlán do Chonnachtach ar bith theacht i ngiorracht do. Ní raibh de mhiseach ag fear ar bith den námaid theacht fhad leis. Bhí sé mar bhí Cúchulainn anallóid. Ni raibh fhios acu caidé'n doigh a bhfaigheadh siad an bhua air. Bhí sé ag eirigh mall sa tráthnóna agus an dorchadas ag titim. Chuaigh triúr acu suas ar mhullach na spince agus rollaigh siad cloch mhór throm síos ar a mhullach. Seo mar mhabair siad ceann de na laochra is calma a tógaigh ariamh ins na Rosaibh. Sheas mise ar a uaign Domhnach ar na mallaibh agus rinne mé machnamh fada ar an éacht. Tá scailp Mharcuis mar ainm ar an ait ariamh ó shoin, agus ba chóir leac-cuimhneacháin a thógail ar an ait ar thit Cúchulainn na Rosann agus ba cheart fostá an sceal a bheith le léamh ag páistí scoile na Rosann - fhad agus 'tá ball-ban ar an fheadóig.


Séamas S. Ó Dónaill,
Min Beannaid.



Ní raibh pobal mór daccine i nGaeth Debhair roimh bhriseadh Cheann tSáile agus na dreamanna a bhí scaptha fríd an pharóiste ó na cladaí suas go dtí na gleantáin shleibhe agus amuigh ar na h-Oileain bhí saol scoulach agus pléisiúra go leor acu. Ní raibh anás mór ar bith orthu mar bhí heart bia acu ar bheagan saothair, ón pharráige, ó na barraí a shaothraigh siad agus on stoc. Ach tar éis phlandáil Uladh tháinig athrú ar an athrú, tharraing slua mór de chlanna éagsúla go dtí 'n pharóiste. Gaeil a díbriodh as a gcuideailte fan Lagan agus fhad ar shiúl le Tir Eoghain agus Ard Macha. Ní tháinig plandoiri ar bith, ní raibh meas ag a léitheidi ar thalamh shleibhe no ar chaorán nó leoga ar an talamh gainimh atá ina rith cois cladaigh ins an pharóiste. Tháinig buionta de dhithreabháigh bhochta anoir fríd na tuatha agus isteach bealach na genoc. B'éigean do na seantreibhanna a raibh a sinsear ansin leis na cianta, brú siar agus fairsinge a dhéanamh déibh agus a gcuideiltean an tsaoil a reinnnt leo, deileoir agus eile mar 'bhí sé. Ach na bhí an taobh seo tire ré-bhocht agus ró-dheilecir le plandoiri a mhealladh chuici, níor chuir sin bac ar an Ghall e a reinnnt ar lucht airm nach bhfuair pá, ar chárde ar rí, ar bhodaigh mhóra nach bhfaca an pharóiste ariamh agus ar lucht bainríona a bhí fairsing í measg tiarnaí Ghéalaacha. Ó seo amach bhí tiarnaí idir Ghail agus Ghaeil í seilbh an talaimh agus cead acu ainchíos a dhíul as na creatúir bhochta idir shean agus ur a raibh sé crua orthu corp agus anam a choinneáil le cheile. Ba iad seo na creatúir bhochta a mheas an Gall a bheith comh fianta sin nach raibh áird acu ar Dhia, ar dhli ní ar dhuine. Ba bheag de thalamh an pharóiste a fágadh gan reinnnt. Bronnadh Machaire Gathlán agus Machaire Chlochair ar Eilis Ni Chu Uladh (Ní Pheatáin sul ar posadh 1), baintreach phrotastúnach, tuairim ar 450 acaí ar chíos bliana £16.00; Glaiseach agus Bun an Inbhir ar Liam Dutton, protastúnach, thart fa 103 acaí ar chíos £4.00; An Charraic agus leath cheathrú talaimh i nDobhar ar Thomas Dutton, mac agus cídhre de Ralph Dutton, protastúnach, 180 acaí ar chíos £1.00; ceathrú talaimh i nDobhar de cídhre an Chaptain Ralph Sanford, protastúnach ach amháin Mullrany O'Kerrall, caitliceach, 134 acaí ar chíos £1.00; de na daccine céanna ceathrú talaimh ar an Luinní, 140 acaí ar chíos £1.00 agus leath cheathrú i nDun Luiche, 170 acaí ar chíos 50p; do Dhonncha óg Mac Suibhne, fear bainríona agus caitliceach, 53 acaí i nDobhar ar chíos £1.50p agus

9 den Choirnéal Maolmhuire Mac Suibhne, caitliceach agus fear bainríona, 120 acaí i nDún Luiche ar chíos £3.00. Bhi cuid don reinnnt ina thalamh eibre, cuid eile ina phortach, tuilleadh ina charraiceacha, beagan ina choillte agus an fúilleach ina mhéilte. Ach níor chuir an t-anró, an cruatan, an t-oíras nó an talamh gortach bac ar na dithreabháigh. Lean siad leo ag teacht, tháinig baicle mór indiaidh Scarbh Sholais, tuilleadh indiaidh plandaí Chromail agus an slua mór deireanach indiaidh Briseadh na Bóinne. Bocht agus eile mar bhí an pobal idir shean agus úr, níor chuir an saol taobh amuigh isteach ró-throm orthu. Mheasg siad le cheile, phos siad fríd a cheile, lean siad don bhualteachas Samhraidi agus na tiarnaí a bhí orthu ba bheag iarracht a rinne siad an cíos a theagáil. Ní raibh ach beagan talaimh ag gach tiarna, giostaf de chupla baille fearainn agus ní fhéadfadh siad stiobhard a fháil a thogadh an cíos. George Hill chun na pharóiste agus chuir seisean athrú ar an athrú. Ó'n meid eolais atá le fail ó leabhair agus ó sheanchas bhí muintir Ghaoth Dobhair, ins an seachtú agus ochtú céad déag, iontach bocht ach sona sásta agus craifeach ina ndoigh fein agus socair suaimhneach ach muair a bhainfí astú é. Bhi nádúr mhaorga, mheidhreach, neamhspleach agus intleachtach acu, iad muinte, macánta ach cróda agus calma agus d'reir an tseanchais bhí siad fial agus fairsing. Tháinig meádú mór ar an phobal daccine, ba iad teaghlaigh mhóra an gnáth rud agus i dtús an paonc céad deag bhi suas le 4,000 duine ins an pharóiste.

Le Seán Ó Phionnlaoich.



Teach tréighe ar OILEAN GHABHLA.

An t-Oireachtas

Tá féile an Oireachtais ar ghort a' bhaile againn agus ní féile gan failte é. Tionólfar imeasc na gConallach i nGaealtacht Ghaoth Dobhair arís i mbliana é agus seo é an dara bliain ag an Oireachtas da chomóradh i dTír Chonaill le trí bliana. Ma bhíonn Oireachtas na bliana seo chomh taithneamhach le Oireachtas 1977 béidh éacht déanta ag na Conallaigh. Anois ma thugann muid suíl siar ar chúrsáí an Oireachtais agus léarmheas a dhéanamh ar an obair atá déanta aige ó ath-bhunaíodh é i 1939 silim go bhfuil moladh ag dul do chuile dhuine da raibh páirteach ann agus go mór mór do'n choiste eagraithe. Ta obair mhór a' baint lena léithid de fhéile a reáchtáil. Ta mé fein ag freastal ar an Oireachtas le dhá scor blianta agus fací'n am seo ba chóir go mbeadh eolas maith agam ar na imeachtaí ar fad. O athbhunaíodh é is i bpriomh chathair na tíre a bhíodh an fhéile anuas go dtí sé bliana ó shin. Bhí daccine ag deansamh achaine ar lucht a riartha le tamall de bhlianta anuas a rá go mba cheart triall a bhaint as an fheile a thabhairt amach go dtí an Gaealtacht agus bhí mise ar dhuine díbh sin. Séard a bhí í gceist againn le n-ár n-achaine deis a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta ó liath go leanbh, ó chuile áird, páirt a ghlacadh i bhfeile cultúrtha na nGael. Thairig Coiste Náisiúnta an Oireachtais deis a thabhairt do dhream no do eagraíocht Gaeltachta ar bith a bhéadh sásta an fhéile a reáchtáil go dtí bharfadh siadsan, an Coiste Náisiúnta chuile chabhair dóibh a bhéadh riachtanach, agus gheall siad a bheith mar chul taca dóibh. Sé ceantar Gaeltachta Chois Fharraige fací choimirce an Chomhar-Chumainn an chead dream Gaeltachta a bhuaile fací an obair i 1974 agus rinne siad go maith é de'n chead uair. Arís i 1976 reáchtáilleadh an fhéile i gCois Fharraige agus i 1977 is i nGaeth Debhair a bhí sé. Chruthaigh na Conallaigh go raibh bua acu ó thaobh eagraíochta de. Tá suíl againn leis na ceantair Gaeltachtaile chomh maith. Anois, thareis na mblianta cé'n toradh atá ar an Oireachtas? Thug sé deis do Ghaeil a theacht le cheile le ceol, rinceí, amhráin, seanachas, litríocht agus filíocht ar sinsear a chur i gceion. Da mbeadh an t-Oireachtas gan tada eile a dhéanamh ach an méid scríbhneoirí agus lucht litríochta a dhuisigh siad le n-ár linn 'inne ba mhór é sin. Tá go leor de na mor-scríbhneoirí cailliúla a chuir litríocht ar fail do'n Oireachtas ar shíl na firinne ach tá a saothar luacháin caomhnaithe agus béisidh sé ansin le leamh ag na glunta atá le theacht ina ndiaidh. Ba cheart go mbeadh muidinne bródúil as ar n-oddreacht chomh maith le tíortha eile agus go h-aithrid as ar dteanga. Tá an t-Oireachtas ar cheann de na féilte náisiúnta is tábhachtáil da bhfuil againn. Duine ar bith againn sa tir seo a thabharfíodh cuairt ar an mBreatain Ewig le linn do'n Eisteddfod a bheith ar bun ansin no ar an Mod i nAlbain, feicidh sé chomh dílis agus atá siadsan da n-oidhreacht. Sé bhfuil le ra agam-sa go molfainn do dhuine agus do dhacine a bhfuil sé ar bhealach ar bith acu cuairt a thabhairt ar Ghaoth Dobhair aít a mbeidh féile an Oireachtais da reáchtáil on 24ú Deire Fómhair go dtí an 2ú Samhain na bliana seo. Agus guim dea rath go raibh ar an bhfeile.

Tútar Fíor Gaeáltact Clóic 10

Ceannfaoilaid.

Feoilis níos mó ná tútar amáin a baint amach i dtíp Connacht fíor do'n té a bhfuil spéir aige fan Gaeáltact agus inp an rothairteacht ná 'fan roth-sluairteoireacht. Agur cá bhfuil an fíor-Connachtóir ná bhfuil spíod aige do'n teangeal, ná nac bhfuil dühl aige pleibhe Tip Connacht a feiceal agus muinntir Clóic Ceannfaoilaid a cluinnint am eiginsteacht? Má tá a leidead seo ann éan fíor Connachtóir a tabhairt aip.

Is minic a cluintear an deirt "Gordé an dealad ír fearr gábal go Clóic Ceannfaoilaid ná Gaeáltact eile?" Maire ré seo mo comhaimpise fíor: Gád aip an tráen go dtí teopra na Gaeáltacta agus aip rin buail aip agaird aip an dealad mór má's feoilear aip dit é. Anoir, 'ré litir Ceannainn teopra Gaeáltacta Tip Connacht, ná an éuid ip' mó duine. Má's mian test inis Eogain, Fánait, Rofguill, na Tuata, Clóic Ceannfaoilaid, na Rora agus na h-oileáin a phróintír í go litir Ceannainn a nádair tú an éead uair. Is fíor go bhfuil tráen ag gábal riap go cois na faippe 'na Rora, aict tá Galltadh aip an tráen agus aip an bocáin iarrainn rin aip an dealad ulig;

Is doilis Gaeáltact a fágail 'na capabaird de'n triomad gnád fíor, agus inp na gráibaird eile tá ré comhaimp a bheit 'anatama.' San bpéag a pád ip' e an dealad mór an dealad ír fearr riap aip litir Ceannainn, má tá aimpír tíortha ann; agus dealad measpádra mairt é aict go bhfuil cnuic fada chomha aip i gcoir-dáit, agus Gaeáltact aí 'aon duine a cárfaopt'. I ndiaidh litir Ceannainn a fágail 'ré Cill Mhic Neanain an éead baile aip an pád. Ní'l mórán Gaeáltact annpin anoir aict ní fad ó foin ó bi go leor ann. Aict, ód' iníle aip rin tá tú ra Teapman agus inp an Gaeáltact. Áip rin riap go Gleann Colmcille agus go dtí na Cealla Beaga, bérí Gaeáltact ag reipeas aí 'aon reactar a cárfaopt aip an dealad. Ní'l a fíor agam cé an rópt teapman (ná terminus) a bi 'ran áit rin' aí t-lean-aimpír nuair a cuimhead aí t-ainm uipír, aict cheirdim gup ainnm fíor é anoir—"Teapman na Gaeáltacta." Áip an Teapman ní'l ré aict cuig iníle aip do láim éli go Taptan no go Gleann Dheit, agus ceithre iníle riap fíor an Beapna Beag go dtí an Abhainn Ceathair. Sin i an abhainn a nítear anuas ó Loc Dheit agus ó Gleann Dheit—an gleann is domhain agus is duibh i dtíp Connacht. Áip do láim bheis anoir tá Loc an Gleanna, Meabac agus Rofguill. Áip agaird linn anoir go dtí go bhfuilim i bpapóirde na vtuas. Áip an Teapman amach tóiríodh tú go bhfuil an talamh docht, lom, fuair aip fad. Sléibhte, cnuic agus eadair atá ann, san farsaod, san fál, san eann, san rgeach fíor. Tuigfír síb anoir gup aip an droch-talamh a fágair an Gaeáltact ír fearr.

I bpapóirte na vtuas 'ré an Chaochtóir an éead baile beag aip do dealad, agus ré mile níos riude tá Dún Fionncharó. Tóir tú capta fá bun na Mucaire aip an dealad. Rin. Aict ní'l mórán Gaeáltact aip an pád ná inp an dá baile beaga; maraisteacha curio de clann an Maoil ne Stewarts isteach inp na h-árdairi tá cupla céad bliadain ó foin, agus maraist talamh measpádra mairt agus aitseach iongantach deapa capta timcheall, ó fán riad ann agus curio mairt Gall le h-a gcoir.

Anoir, tá tú coir na faippe agus tóiríodh tú tráigheanna agus caippe geada agus beanna móra aip ófíu duit gábal an dealad rin ulig le na bfeiceal. Taobh amuig de Dún Fionncharó tá Cúppan Beinne nó Horn Head. Leat-oilean atá ann agur tá an talamh gáib. Áip an taobh ó tuairid tá rang beann móra 'na fíorán i n-áigaird na faippe móipe. Aict, mo leun a innriú, ní'l Gaeáltact aip an oilean rin—rin an focal aict ag na daonuibh atá 'na gcomhuriú ann, oilean. Is doibh liom go pád ré 'na oilean i bhad ó foin, maraist ní'l aict cuing cumhang gairmne ód ceangailt do'n mhór-típ anoir.

Capta fa Dún Fionncharó tá galltach beag, aict aip rin riap ní fáva go bhfuil tú i gClóic Ceannfaoilaid. I scionn oet mile tá tú aip an Chois-bealaig ná an Falcappac agus cíug mile iartig 'ra Gaeáltact. Áip Dhoire Risgaile—rin leat-dealad iorú Dún Fionncharó agus an Falcappac—tá an Gaeáltact imbeal gád aon duine a níseád agus a tóchaú fan tip rin, aict anáin aip an Chois-bealaig fíor, ait in a bhfuil teac na gcomptablaí agus ríseart beag daonine móra—fíor ná mara rin—nac bhfuil abalta no culteanaid caint a deanaim leat i nGaeáltact. Ag gábal riap an dealad rin tá na pleibhe móra uðai, i. an Mucair, an ud acla agus aí t-éagairt 'na luigé i rang fada tóipeas aip do láim éli. Tá curio móra caolainn ag bun na pleibhe. Agur talamh docht go dtí an faippe. Áip an talamh seo tá curio móra daonine ag obair go vian le cineál fáighe a baint amach, agus muinlabh é go bhíonn ríad point móra airgead aip Albain agus aip Aimeicea aí dtiocaí leobta ríseart-beata a baint amach aip éor aip dit. Tóiríodh tú anoir ceannairt ná-lán ná congeartáilté mara aithear ríad fíor. Aict m'a tá na daonine ríad aip an taobh seo de'n bpapóirde ír tuigé aip an taobh eile iad, agur tá an feáil níos meara agus níos meara aip i nGaoth Dobhair agus inp na Rora. Cúpla mile riap ón Chois-bealaig tá tú nígoir an Chois agus a gcoir Gleann 'na Dealtaine. Duine aip dit a hi aonair ag Colmcille Colmcille aitseann ré an t-ainm rin agus ír binn leir a fuaim. Is Gleann é seo atá 'na luigé ó bun an Éagair go tóipeas go coir na faippe i mbáid Ó Baile atá Éagair ag tóipeas Gleann Ata. Tá an grianan ag níct anuas ó minn na Chaoibe—baile beag nac bhfuil Beapla ann, ná le tuigseal ann ip nádúr—fíor fána buide agus an Caol Dhuim agus Dealtaine agus Gleann Ata. Tá riap le ód céad teaghlach aip éasbaird an Gleanna rin, agur tá mé cintte go bhfuil an Gaeáltact agus gan aict an Gaeáltact ó labhairt coir

teinead acu ulig aip an domaite seo. 'Si seo an éead fíor-Gaeáltact a dtainic tú inntre go fóill, agur de péip mo déamhla-ra, 'ré an ait agur an Gleann íp deirfe foird.

Ag gábal riap an Gleann duit tá na tuigé go tiug aip 'aon taobh de'n Gleann, agur níl leidead do láimé de talamh ann nac bhfuil oibrithe aip fad ag bunad na h-áite. Cheirdim nac braca mé pháirc ba deirfe no b'aoisne liom 'na an Gleann uðai lá bheag 'ra Fogair—na cuirobhinn beaga príateal glap agur iad, nac coisce burde-bán i n-árdair a céile, an fíor glap aip bárr na gceas, an partneac deags aip taobh a pleibhe tall agur na cappaigeada duba ag bpríatead amach i bfor—can fáca mé a oipead datanna ariam i n-áic ap dit eile. Aict caifidh tú feairim aip mulla cnuic Gort an Coipce, no ruabal riap dealad Caol Dhuim go dtí na pean-mháinada leir an Gleann seo a feiceal i gceapt. Ófíu duit é, agur deirfeidh tú fíor é pin nuaibh a céifeas tú é.

Tá Gort an Coipce go dipheac i lár bpapóirde Clóic Ceannfaoilaid, agur síd nac baile é de péip map tuigimíodh an focal inioi, if baile é de péip an t-lean-náir Gaeáltact. Tá teac an pobail, teac na pcoile, agur teac an t-ragairt ann; tá cupla propa, teac órda, cupla tigé eile agur fáitée beag an aonair ann. Ní'l na tigé seo tóigé taobh le céile i grian map tá i mbaille eile, ait tá gád aon teac 'na fíorán aip a giotá beag fíor talamh agur iad ulig compoibteach ag bun an cnuic aip taobh an dealaid móir.

Tá lóiríodh le fágail a t-óiríopear do gád gráin, ó teac órda thíos lóiríodh coip na faippe—teac in a bhfuil 'aon fad é aip bárr, fáilte, blád agur Gaeáltact—go dtí an teac ír luga aip taobh Gleanna Dealtaine, ná imearg cnuic na n-árdairí 'na bhfuil an bpriophad chroídeamh céadra ag 'aon duine. Bionn lá móra aon reisead lá de 'aon mi i nGort an Coipce, rin lá an aonair. Ófíu do mhac-Léiginn, ná do duine aip dit, real a caitear aip an aonair seo. Gaeáltact ulig atá ag muinntir na h-áice, aict, mo bhón a pád, ní'l mórán duine ag luict ceannuigthe an eallair, ná ag luict dioltá na pean-cótaí a tigear ann gád mi. Is móra an tráis go bhfuil cead ag na daonuibh seo na pean níuas lobta a galapada galdua uðai, a tabhairt isteach le viol dó na daonuibh of-céillíodh atá aip long fadu fad. Cheirdim fíor gup i Léirf no i Lónuán a pinneáu iad le paocáin maliúigthe allúis, agur ní aitsead aip bhuam aip dit iad, giú go n-abhrainn luict a níolta go mbionn ríad leat-caitte. Áip bólíg aip dit, is cuma ce aon níuas ná leat-caitte iad, éan ceapt cead a bheit acu teact isteach annpin. Tóiríodh tú go bhfuil báinín aip bhuam 'aon pean-duine aip an aonair seo, iorú fíorán agus mplaibh aict tá mian eile ag teact aip na daonuibh óga, mo bhón a pád. Áip an aonair seo tá níos mó 'na ba agur gáma aip usol. Tóiríodh tú bean agur píora báinín deir fad na h-árgaill aip viol nice. Tá fír ag iarráidh tóirí peilting no leat-cóipíon an t-plat aip agur ip' fui é. Siop ag teac na pcoile tá na h-árgaillí agur láin cárpaí fíorán ná iarg eile acu aip viol. Tá muca óga, caopair beaga an t-pléibh, agur níam beaga leobta, agur glan-Gaeáltact i mbéal 'aon duine atá 'na níosol. San bpéag a pád ip' fui ní ait ná a caitear aip an aonair Gort an Coipce.

Táobh riap de Gort an Coipce, cupla céad céimeanna ná mapin, tá Halla an Colairde 'na fíorán iorú dealad Dealtaine agur an t-riputan. Halla an bpéag atá an agur cíup bhíotó móir vo muinntir Clóic Ceannfaoilaid é. U'e an príope Ruadhairge Capement a tug an céad airgead aíonne a tóigáil, aict b'é Tomáir O Ceannain bocht, a cailleadh le teippeannach, muinair! a pinne an curio ip' mo de obair na tóigáil—go dtugadh dia fuaimear píomphairde ói anam. Tug ré, aip fíaltas a fíoríde agur le spáid do'n Gaeáltact a bi aige fíor go binn plúippreat. An talamh a bhfuil an halla 'na fíorán aip agur tug ré na clochá forða agur curio de airgead an cointair; agur, níuair nac pád go leor airgead le fágail, tug ré aip iarráct an meád a bi a tóigáil. Fíor-cápa na nGaeáltact a b' ead é, Tomáir bán O Ceannain agur ip' móra móra a cailleamhaint.

O'n lár seo, Gort an Coipce ná Dealtaine, tá curio móra dealaca pomac fa cionne tuigé beaga a deanaim. Tá an t-éagair 'na fíorán go móra ag bárr an Gleann agur caitipidh tú tóipeadóideach an Éagair a deanaim. Tá loc Altan iorú Aclá agur an Éagair agur tá neart bhíteach i loc Altan do'n t-éagair. Tá pean-cill Raite, agur an t-lean-éagair na luigé, aip bhuad na h-ára; caitipidh tú gábal riap le h-árdair. Tá Éagair Fionnán riap forða. Siap, tá Mionlaoise, Mion a' Cláir, agur Cnoc Fola ag aonair amach aip an Éagair. Tá na h-áilean amuig agur mura bhí an daonéann ann, pacaird tú isteach go h-áilean Dó-finne agur go Topaig. Ni impreochartaí mé fá na h-áileanachaidh seo mara glacaird riad leabhairt docht fíor, aict in 'aon áit aon geobaird tú Gaeáltact, agur fíoríte na Gaeáltact. M'a tá dühl agat iad a feiceal, ní fáva uait riap go Gort Dobhair agur na Rora agur riap go Caillean na vtuas agur Rofguill. Tá na h-áileanachaidh seo uilig inp an Gaeáltact; agur mara stoubaird céana, má's fíor-Connachtóirí ríad, tá ré de dualgas opainn an Gaeáltact a cionneal Gaeáltact agur a leatnúas, agur forða fíor cnuinn agur fíor-eolair a bheit againn aip an Gaeáltact agur aip gád a baineas leite. Aict go díordé mara deanaim uíordú é seo uilig? Tá, cuairt a tabhairt aip an Gaeáltact go mion ip' go minic fa doibh go sculpmhido eolair cnuinn aip teangeal na nGaeáltact agur aip an t-lean-riputan Gaeáltact a b'is i gcomhuriú 'na eordealata.

PAUPAIC O SOLAIN.

Níl a fhios agam go díreach cé'n chéad uair a chuala mé i dtus ama facin fheile mhór ghaelach ar a dtugtar 'An t-Oireachtas'. B'fheidir gur chuala mé faoi dhaoine cosúil le Micí Sheáin Néill, Neddy Frank, Gracie Ghraínne Mhícheál agus mórán eile nach iad, a scioth leo duaiseanna ón Oireachtas, a d'fhág a n-ainmneacha i mbéal na nGael ní amháin anseo i nÉirinn ach pé áit sa domhan ina raibh na Gaeil sin cruinnithe.

Is cuimhin liom go cinnite agus mé ar an mheán-scoil gur léigh muid sceáil a scriobh an Piarsach, 'Bríd na nAmhrán'. Sceáil aláinn a bhí ann ina raibh cur síos ar chomortsas amhranaíochta de chuid an Oireachtas. Sprag an sceáil sin mé suim a bheith agam i gcoinéid sna himeachtaí a bhíodh ar siúl i rith na Féile sin agus tá bród orm inniu go bhfuil sé ar ais aris i nár measc i nGaeltacht Thír Chonaill. Ach nuair atá an méid sin scriofa agam cuirim ceist orm fein caidé mar atá stáid na teangan anseo i dTír Chonaill, go háirithe anseo i nGaoth Dobhair, i gCloich Cheann Fhaola agus s'na Rosa. Is oth liom a rá go measaim nach bhfuil sláinte na Gaeilge ar fónamh i láthair na h-uaire. Le traidhfíl maith blianta anois tá deireadh beagnach tagtha le h-imirce as Gaeltachtaí Thír Chonaill. Tá monarchana ag cur neart oibre ar fáil anseo agus ansiúd do fhir agus do mhna. Is breá an rud é sin agus bufochais mór do Dhaí ar a shon. Fágann na monarchana sin rachmas agus saibhreas fá na cladaigh seo a bhí de dhith le fada an lá. Ach faraor géar cha dt ainig an rachmas sin gan costas agus costas trom.

Thug na tionscail úra seo go leor daccine chun na Gaeltachta nach raibh Gaeilge da laghad acu na suim ar bith acu intí. Thug siad teachláigh chun an bhaile on choigríoch nach raibh ag a gcuind paistí ach Bearla ó ceann go ceann an lae. Mar gheall ar an méid sin, don chead uair b'fheidir, tá glún ag fas aníos i nGaeltacht Gaoth Dobhair agus i nGaeltachtaí na Rosann agus Chloich Cheann Fhaola nach bhfuil teanga na Gaeilge mar gceád teanga acu. Ní hé sin le rá nach dtuigeann siad i agus nach feidir leo i a labhairt. Is féidir, ach is minicí gur Bearla an chead teanga a labhrann siad agus iad ag déanamh cuideachta, ag imirt peile na ag seinm sna buíonta céoil atá go flúirseach sna ceantair seo. Sna h-ostain, sna tithe tábhairne agus sna siopáí cloistear Bearla chomh minic, agus b'fheidir níos minicí, na a chloistear ar dteanga dhuchais.

Ní f' dTír Chonaill amháin atá seo ag titim amach. Ta se ag tarlu sna Gaeltachtaí uilig. Le deich mbliana anuas tháinig meádú mór ar an méid Bearla a labhartar

go rialta i nGaeltacht Chois Pharraige i gCo. na Gaillimhe. Gaoth Dobhair amaráach, b'fheidir? Rann na Feirste, anoirtheach b'fheidir? Bhéadh Donall Ó Móráin iontach amaideach a bheatha a chur i mbaol ar shon na Gaeilge nuair a fheictear an beagaán tacáiocht atá an teanga a fháil sna Gaeltachtaí i láthair na huaire.

Muna bhfuil muidinne, muintir na Gaeltachta, sásta gníomh a dhéanamh ar son na Gaeilge, muna bhfuil muid sásta go mbéadh an Ghaeilge mar a gceád teanga ag na gluanta a thiocfas inár ndiaidh, b'fheidir go bhfuil muid ag faire na Gaeilge ag an Oireachtas seo. Más a' faire atá muid inniu, a cháirde na teanga, b'fheidir nach fada uaimhán lá go mbéidh muid a tionlacan go cré na cille. Nar lige Dia, na muintir na Gaeltachta, go dtarlóidh sé sin chóiche.

Lorcán Ó Seearcaigh.

CEOL:

Shroich trí cheirnín úr mé le gairid ó Ghael Linn: "Neansai", le Dermot O'Brien (CESNO03), "An Fhidil, Sraith 2" le Kevin Burke, Séamus Creagh, Sean Keane agus Paddy Glackin (CEFO069) agus "Mist Covered Mountain" le De Danann (CEFO087).

"Neansai"

Seo an t-amhrán a bhain an Comortsas Amhranaíochta Pan Cheilteach i gCill Airne níos luaithe i mbliana. Dermot é fein a chum na focla agus an ceol. Sílim gur seo an ceirnín singil is fearr a thainig ar an mhargadh le tamall anuas. Bhí Mícheál Ó Domhnaill i mbun leíriú agus cóiriúchán, rud a chuidigh go mór. Tá Triona Ní Domhnaill ag tabhairt cuidigh le guth agus piano agus tá Kevin Burke ar an fhidil.

DE DANANN.



Níor shamhlaigh mé riamh go mbéadh Dermot ag déanamh ceirnín leis na ceoltóirí seo atá chomh difriúil uайдh fein. Cruthaíonn "Neansai" gur feidir é dhéanamh. Ba chóir go n-eireodh go maith leis.

"An Fhidil, Sraith 2"

Sílim go dtaispeántar go soileir ins na nótai clúdaigh an aidhm atá leis an cheirnín seo: "An fhidileáireacht thrádisiunta a leíriú mar atá si inniu ... sa dara sraith anois té agaínn ceathrar fidileir óg atá tagtha in inmhe agus a bhfuil gradam bainte amach acu ní amháin í nÉirinn agus sa Breatain ach ar fud an domhain mhór." Ceithre fhidileir atá i gceist: Kevin Burke, a bhí leis an Bothy Band. Togadh í Londain é ach is as Sligeach a mhuintir; Séamus Creagh, a bhí ag buaileadh le Jackie Daly agus a rugadh i gCo. na hUarmhí; Sean Keane, a rugadh i mBaile Atha Cliath agus a bhí le Ceoltóirí Cualainn agus na Chieftains; Paddy Glackin arb as na Rosa a athair agus a bhí i mbun an chláir rádió "The Long Note". Ba é Paddy a léirigh an ceirnín seo. Ta reels, jigs, cornphíopai agus fonn mall le fail air. Ta a stíl inaithanta fein ag an cheathair acu. Ní ann ach fidil aonair. Ní bhaintear úsáid as tionlacan de chinéal ar bith na as "double tracking" ach an oiread, rud a thabharann amach an ceol é fein go deas soileir. Ní ró mhinic a eisitear ceirnín den chinéal seo agus mar sin cuirim failte mhór roimhe.

"The Mist Covered Mountain"

Seo an ceirnín is uire ó De Danann agus ó Ghael Linn. Táthar ag fanacht leis le fada, agus níor lig siad síos muid.

Tá rud ur tábhachtach deanta ag De Danann ar an fhad-cheirnín seo a ba chóir a choinneáil i gcuimhne anois agus an tOireachtas ag toiseacht. Tá dha cheoltóir sean-nois as Conamara air, Tom Pháidín Tom agus Seán Ó Conaire agus ceolann siad ceithre shean amhrán.

Caide atá fontach fa sin? Sé'n rud atá fontach faoi nach go bhfuil tionlacan curtha le triúr de na h-amhrain ag an ghrupa. Seo rud nár rinneadh le ceoltóirí sean-nois riamh roimhe. Tá daoine ann a déirfeadh nar chóir a léithidí a dhéanamh. Duirt Alec Finn gur a mhaith le triall a bhaint as rud inteacht ur agus fa choinne rud beag spoirt a rinne siad é. Ní dochar ar bith ann!

Ag an am cheanna tá sé fontach suimiúil agus é deanta go maith. Ceolann Tom Pháidín Tom Ó Coisdealbha (a fuair bás cúpla mí ó shin) dhá amhrán i mBearla, "The Banks of the Nile" agus "Henry Joy". Nuair a smacainíonn tú go raibh sé ochtú cuig bliain d'aois ag an am, ba éacht mhór a bhí anseo. Bhain sé fein sult as uilig. Tá an tionlacan measartha simplí le bouzouki, mando-cells, viola, feadógaí agus accordéon. Ceolann Seán Ó Conaire dhá amhrán Gaeilge, "Seamaisín" le tionlacan agus "Maire Mhór" ar an tsean-nos gan tionlacan ar bith. Tá focla na n-amhrán ar bhilleog speisialta chomh maith le h-aistriúcháin go Bearla le Tomas Tóibín.

Tá éagsúlacht mór ceol rince ar an cheirnín, go h-airithe reels agus polkas. Níor mhaith liom ceann amháin ar bith a lua mar tá siad uilig millteanach maith. Má tá dúil agat ann Dé Danann cuirfidh "The Mist Covered Mountain" échas ar do chroí!

Sílim gur cheart focal speisialta a rá fa na clúdaigh atá ar na ceirníní seo, go h-airithe ceann-de Danann. Ba é Alec Finn é féin a dhearaidh é. Ta cuma fontach nua-aimsireach ar "Neansai" fostá. Taispeánann an méid saothair agus airgid a chuir Ghéil Linn isteach ins na ceirníní seo go bhfuil trean dochais acu sa cheol tradisiúnta.

Seán Ó Domhnaill.

Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Faois bhliain 1896 bhí tríocha craobh bunaithe - ceithre cinn acu i Sasana, ceann amháin in Albain agus trí cinn sna Stáit Aontaithe. Tionóladh cruinniu de theachtaí ó na craobhacha san Cafe Royal i mBaile Atha Cliath 25 Lúnasa, 1896. Socraíodh ag an gcuinniu san ar Oireachtas ná Public Assembly ar nos Eisteddfod na Breataine Bige a bhunú "at which prizes would be offered for reading, recitations, songs and dramatic sketches in Irish."

Cuireadh curam an eagrúcháin ar an triúr seo: Domhnall Ó Conchubhair a bhí ina Leasrúnaí ar an gConradh, Pádraig Ó Cathmhaoil a raibh dlúth bhaint aige leis an bhFeis Cecil agus Séamus Ó Cathasaigh ball do Choiste an Chonartha. Réitiodh Clár Comortas agus fógraíodh an tOireachtas den chéad uair ar Irisleabhar na Gaeilge, Mí na Nollag, 1896. Naoí gcomortas ar fad a bhí ar an gClár. Bhain ocht gcinn acu le litríocht agus comórtas reacaireachta an ceann eile. Ní raibh aon chomórtas do dhaoine óga an chéad bhliain. Ní raibh le gnothú ar fad ach £43 i nduaiseanna.

Tháinig nócha iarratas ar na comórtais liteartha roinnte mar a leanas: filíocht 16, beadoideas 5, próis i nGaeilge 41 agus próis i mBearla 28. Chuir 19 isteach ar an reacaireacht ach níor tháinig chun iomaiochta ach dáreag.

B'íad so na moltóirí: Tomás Ó Flannghaile ó Londain, An Craoibhín, Eoin Mac Néill, an tAthair Mícheal Ó hIceadha, an tOllamh Ó Murchadha ó Choláiste na Tríonóide, an tAthair O hÓgáin, S.J., agus an tAthair Peadar Ó Laogaire.

Fógraíodh na tortháí agus bronnadh na duaiseanna agus na teastais ag Ceolchoirm' sa Rotunda i mBaile Atha Cliath ofiche Luain 17 Bealtaine, 1897. Ar na duaiseoirí bhí: Norma Borthwick ó Chonradh na Gaeilge Londain le aiste "Saint Urlabha le Náisiuntacht"; Seosamh Ó Lacide on Ardchraobh le dán; Osborn Ó hAimhingín le trí dán; agus fuair Tadhg Ó Donnchadha duais speisialta. Diarmuid Ó Foghludha ó Chonradh na Gaeilge Béal Feirste leis an amhrán "Go Mairidh ar nGaedhilg Slán". Fuair Mícheál Ó Mairtin, Na Gorta Dubha, Baile an Fheirtéaraigh an duais ar "Dornlach de dhánta nó d'amhráin nar cuireadh i gcló reimhe".

Ghnóthaigh Alice Milligan, Conradh na Gaeilge, Béal Feirste an duais £10, a chuir William O'Brien ar fail ar aiste i nGaeilge nó í mBearla ar "How to Popularise the Irish Language." Is do Phádraig Ó Séaghda, Béal Feirste a chuaigh an duais ar "Cread is Carthanacht ann?" Fuair Peadar Mac Phionnlacich, Leas-uachtaran an Chonartha i mBeal Feirste ard mholaodh. Sean C. Mac an Bháird na Cealla Beaga a fuair an duais ar "Cread is Firinne ann?" agus tugadh ard-mholadh do Thadhg Mac an Bháird, Conradh na Gaeilge, Béal Feirste. Donnchadh Ó Loingsigh ón Ard Chraobh i mBaile Atha Cliath a ghnóthaigh an duais don reacaireacht le "Slán chun Pádraic Sairseal."

Bhain na duaiseoirí cáil amach dóibh feín thar na blianta ina dhiaidh sin.

Bhí os cionn mile duine i láthair sa Seomra Cruinn den Rotunda agus ionadaí Ardmhéara Bhaile Atha Cliath J. J. O'Meara, T.C. i gceannas mar Uachtaran an Oireachtais. Ni raibh an tArdmhéara Risteard Mac Aodha fein innan bheith ann de bharr tinnis. Deineadh raiitheach le lucht na mBóthair Larann agus fuair na cuairteoirí chug an Oireachtas ticead fillte ar tháille ticeid singil agus fuair na h-iomaitheoirí na ticeid ar leath-chostas an ticeid singil.

Bhí T. H. Thomas, Herald Bard ag Gorsedd i lathair ón Eisteddfod.

Chuir se fóntas ar lucht an Chonartha mar d'éirigh leo an ofche sin. Leigh an Craoibhin an dán "Eireochamaoid Feasta" a bhi ceaptha aige don ócaid agus idir an dá chuid den cheolchoirm thug sé óráid ghairid uaidh. Léadh na teachtaireachtaí a tháinig agus ina measc bhi ceann ón Athair Eoghan Ó Grámhna, Prescott, Arizona.

Fuair an tOireachtas árdmholaodh sna muachtáin in Eirinn agus thar lear. Tugadh le fios dón saol go raibh an teanga beo fós in Eirinn. Shocraigh an Conradh ar Oireachtas a chomóradh uair sa bhliain feasta agus a scóp a leathadh. Is cuid den stair anois na constaicí a bhí le sarú ag an gceád choiste úd agus mar ar sarafoch iad diaidh ar ndiaidh. Bhí toradh fadtéarmach agus tionchar nach beag ag an gceád Oireachtas úd ar obair na teanga ar fud Eireann ó shin i leith.

DONNCHADH Ó SUILLEABHÁIN.



An tAthair Mac Pháidín a bhí i nGaoth Dobhair.

Eireocimid Feasta

Eireocimid feasta, tá'n lá geal ag teacht,
Is ní bhéimid fací smacht mar ataimid,
Ag sméarla gan bhfí nó lucht Bearla gan chroi,
Ach bhearfaimid aghaidh ar an namhaid.
A chladaire an Bhearla, luigh síos go deo!
Ta an ffor-spiorad beo ins na daoine,
Níl meas ar do sheort, ar do chleas no do sport
Ag óganai cneasta na tire.

Bhí an Bearla mar smuid ar an spéir ins gach clúid,
Agus dhall sé na hEireannaigh flora,
Ach tá sibh anseo go briomhar agus go beo,
Go dtóigfaidh sibh ceo dubh na tire.
Ins an ard-teanga bhi ag bard agus saoi
Cuirim romhaibhse na nací mile fáilte,
Roimh mhór agus bheag, roimh og agus shean,
Roimh shear agus bhean agus pháisté.

Ardóimid teanga na hEireann le brod,
Ar sonas, ar séod agus ar bpearla,
Is cuirfidh si ruaig agus bhearfaidh sí bua
Ar ghlaofarnaigh chrúa an Bhearla.
Ní bhfaighidh sí bas ach beidh si ag fas
Ina crann bhreá chraobhúil alainn,
Agus scapfaidh an sceal ó bheal go béal,
Go mbeidh sacirse agus sean le fail ann.

Leis an Chráibhín Aoibhinn.

Bhí seanduine creapalta ag mearadru ar an tseanscuab gharbh, a bhí déanta aige fein as an fhionnadh a bhain sé as ruball asail. Gach uair ar thom sé síos sa phéint an scuab, fuair sé ardú meanma. Bhí an pictiúr chóir a bheith críochnaithe aige. Aige-san amháin a mbeadh fhiú aige cáidé bhi ann. Ni raibh ganntanas dathanna ann. Bhí siad i mullach a chéile.

Sciorr a shuíochan agus bualadh síos go nimhneach é ar an urlar crua leacach. Chuir teangbháil tobann a choirp le cruacht an urlair air scríos mionna-móir a ligean as. B' iad a bhí aige, agus ba bheag a shil sé de shruth acu a chur as ar ócaid den chinéal fiú amháin 's nach raibh a' nduine le h-eisteacht leo. Thug siad sasamh intinne do. Bhí a bhocsa dathanna caite lena thaobh agus a scuab ina luí san tsalachair. Mionna-mór eile ortha. Sin an dóigh. Tá sé ibhfad ró-mhaith acu. Iarracht cha dtéar' sé bogadh.

D'amharc sé thart air. Bhí an phéint doirte anuas ar an urlar, ag suí isteach ina chéile agus patruín ghalánta a dhéanamh ar an urlar ag a thaobh. Gan cor na bogadh d'arc sé ar an iontas seo. Nach greannmhar an áit ar fagadh mé, adeir sé leis fein, agus nach saothiúil mar atá na dathanna sin ag meascadh le chéile - gan a nduine ag cur chuca no uatha ach fana an urlair. Níor chuir an titim aisteach seo a tháinig air pian ar bith breise ina ghéaga tanai. Bhí oiread iontais air ag stánadh ar an ghréasan úr seo a bhi os a choir, nach dtug sé áird ar a phian. D'ardaigh sé e fein go mall-trialach le cuidiú na cathaoireach. Shuíanois go cúramach agus d'fhan ansin ag stánadh ar an urlar.

Bhí luisne ina shuile. Annon leis fhad leis an fhuinneog céanna sin ag dearcadh ar na tonnta móra ag briseadh thíos faoi. Nach minic a chonaic sé na céata cineál dathanna sna tonnta céanna - glas, gorm agus na dathanna eile uilig gan ainm idir "glas" agus "gorm". Inniú bhí an fharraige ciúin. Ní raibh dathanna ar bith le feiceáil ach an taon dath amháin - an dath sin a bhí ar iasach ag an fharraige ón speir. Bhí an fharraige comh ciúin le clár inniu. Bhéadh bádai amach 's isteach go tir-mór roimh an oíche. Seans go dtiocfadh an fear uasal sin a bhéadh ag dathadóireacht fa na beanna. Gheall sé go mbeadh sé arais fa chionn coicise. Ach tá coicise calte ó shoin. An ag magadh a bhí sé nuair a gheall sé cuidiú leis na dathadóirí seo a bhí ag iarraig a gcuid smaoite a bhreacadh ar phár le dath. Nar fhág sé chuile chineál péint acu! Nar chuir sé comhairle orthu conas a láimhseáil, agus nar mhol sé a gceád-iarrachtaf go h-ard na speire!

"Bhfaca tú cuid de chuid pictiúirí Dhónaill?" arsa seanbhean bheag sheimh, liom fein lá. "Chonaic", arsa mise a freagairt go muinte. "Góide shil tu díobh?" arsa sise, mo cheistíu. Sular fhreagair mé í, mhachtnaigh mé ar a h-ainm, a fear, muintir Dhónaill, agus nuair a shásaigh mé mé fein nach riabh muintearas ar bith eatarra d'fhreagair mé go cúramach í. "Leoga maise, níor shil mé móran diobhach ach tá mise dall ar ealán an lae inniu. An rud a chaithfinne sa bhocsa broscair, b'fheidir gur freama ornáideach a chuirfeadh duine eile air," arsa mise. "Cogar", ar sise go beag liom, "an bhfaca tú ceann leis an Mhaighdean Mhuire?" "Silim go bhfaca", ará mé fein. "Bhfuil se fíor go bhfuil sé méara aige ar lámh amháin da cuid?" ar sise. "Ni thiocfadh liom a rá, ach ma tá fein, ní dhéanfadh sin dochar," arsa mé fein. "Spreach siorraí ort, ar sise, "tá túsa comh h-olc leis fein. Sé mhéar ar lámh na Maighdine Muire," ar sise, 'mo fhágail, "bhual sin amach troid cholligh 's rasa gearan." Smaoitigh mé an tráthnóna sin go dtabharfainn cuairt eile ar an tsean phéinteoir, le treán fiosrachta. Ba mhaith liom tuilleadh da chuid oibre a fheiceáil. Chuir an créatúr failte charthannach romham. Bhí lúcháir air m'fheiceáil. Bhí neart pictiúiri ura déanta aige agus bhí ceann aige fa mo choinne. "Pictiúir den Mhaighdean Mhuire, ar seisean. Ghabh me buiochas leis. Bhí sé ag mearadru ar litir a fuair sé an lá sin. Shín sé chugam í. "Nach bhfuil sin maith," ar seisean. Bhí seic dhá chéad punt sa litir ar son cupla pictiúir a dhíol sé. Bhí litir istigh adúirt go mbeadh taisbeantais ealáine i mBeal Feirste fa chionn míosa. Bhéadh luchair orthu tuilleadh da chuid pictiúiri a fháil. Mhol mé a chuid oibre go h-ard, cé nach raibh mé ariamh ro-mhaith ag aifiochta molta. D'fhág mé slán aige agus d'iarr air coinneáil leis an obair. Níor oscail mé mo bheartan go dtí gur bhain mé an baile amach. B'fhíor don tseanbhean ach nar chuma. Bhí margadh da léithidí. Tá pésintear an oileáin fé fhoid inniu. Níl fáil ar a chuid pictiúir feasta. Tá móran péinteíri óga ag déanamh aithris air inniu ach sin sceáil eile!

Donchadh MacFhionnlaoich,
Cloicheannfhaola.



Baill do'n Choiste Náisiúnta agus do'n Choiste Áitiúil. ó chle; Níoirín Ní Chonghaile, Áine Mhic Phionnlaoich, Aodh Ó Domhnaill (Cathaoirleach-Choiste Náisiúnta) Máire Mhic Niallais, Pádraig Mac Suibhne.

Oireachtas '77 agus Comháltas Uladh

Fad a bhí mé im' Uachtaran ar Chomháltas Uladh a tionóladh Oireachtas na Gaeilge i nGaoth Dobhair, do'n chéad uair ó athbheochd on tOireachtas sa bhliain 1939. O tharla go raibh Oireachtas Uladh ar siúl sa Ghaeltacht cheáonna le cupla bliain roimhe sin bhí an talamh réidh don mhór-ócaid, agus bhí coiste oilte le dhul i mbun a eagraithe. Dar ndó, thug Comháltas Uladh cuidiú ar achan dóigh, idir bholscaireacht, chostaí taistil do na iomaitheoirí agus tré dhuais mhór spéisialta a bhronnadh i gcuimhne ar Phádraig Mac Con Midhe, chomh maith le lán liosta

lóistín a chur i gcló do'n Oireachtas. Bhíos fein i láthair do na hócaídi móra agus chaitheas cúpla lá ag na comórtáisi.

Chuir Iar Uachtaran an Oireachtas, Áine Nic Giolla Bhríde túis iontach leis an bhFeile lena cuid caintespreagúil inár nocht sí toradh a doimhin-mhacnaimh ar ghréithe tábhachtacha de cheist na h-athbheochana. Easpa spáis doibh uilig a bhí ag iarraig brú isteach ar an bhfailltú ag Radarc na Mara is mó a fhanann i mo chuimhne, ach dóbh siúd a raibh slí ann dóibh bhí oíche ar dóigh ann. Ceol agus rince, greann agus spóirt, Aire na Gaeltachta ina cheart-lár agus bean óg lena ais a bhéadh ina chomharba aige níb 'fhaide anonn. Tuar dóchais!

Comortas na gCoracha Sinsearacha ba mhó a thaitin liom fein agus d'fhan binneas na gceoltoirí liom tamall fada ina dhiaidh. Nar chuma cé acu a bain an duais, ós beag a bhí eatarthú. Bhí feasta ceoil ann d'óig agus d'aosta.

Bhí an-eagar ar na Seirbhisi Eaglasta agus ghlac muintir na h-áite páirt mhór iontú. Bhí ceol den scoth le cloisteáil agus sinn ag iarraig beannacht Dé ar ar n-iarrachtaí.

Thar a bheith sásta liom fein a bhíos ag fagáil Oireachtas na Gaeilge 1977 dom. Bhí Gaeil Uladh tareis a chruthú do'n saol mó rurbh fheidir an Fheile mhór náisiúnta a réachtáil sa Ghaeltacht chomh maith cheáonna agus a b'fheidir sa Phríomh Chathair. Maidir liom fein de, cé gur fhreastail mé ar ghné éigin de gach Oireachtas ó 1939 i leith creidim gurab é 1977 an bhliain is mo a leanfaidh i m'chuimhne. Bhí fíor spiorad an Oireachtas le fail go fíal agus go fairsing ann. Go dtuga Dia duinn a léithéid ath-uair.

Máire Bean Uí Ghóigín.



Oireachtas na Gaeilge

Tá tráth an Oireachtais buailte linn, arís agus is go Gaith Dobhair a bhéidh ar dtírial. Einne a bhí i láthair ag Oireachtas na bliana 1977 béidh dea-chuimhne aige ar an gcomhlúadar cacin a bhí aige san ait céanna an bhliain sin agus ar na h-iimeachtaí dúchasacha a cuireadh ós a chomhair le pléisiúr agus le taitneamh a bhaint asta. Agus thar gach rud eile an dea-eagar a bhí ar gach ní ag an gCoiste áitiúil. Bionn dea-chuimhne agamsa ar Ghaeltacht Thír Chonaill i gconai mar is fada mé ag casadh ann le me mhisneach, mo chreideamh agus mo chuid Gaeilge a laidriú. Bhí mo chéad turas ann go dti an Fál Carrach sa bhliain 1929 agus ina dhiaidh sin go Rann na Feirste, Gaith Dobhair, Gleann Cholmcille, Cill Chártha - chaith mé treimhsí s'na h-aiteacha sin go leir ó am go céile riagh o shoin. Bhí sé de phribhléid agam aithne a chur ar an Athair Lorcan Ó Muireadhaigh, fáthach fir, a d'fhág lorg a láimhe ar Rann na Feirste agus ar an gColáiste a bhunaigh se san ait fací bhrat Bhríde.

Nuair a bhí mé i mo Runai ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge s'na dachadai tháinig duine de chlann Uí Dhomhnaill as Rann na Feirste mar threorai chugainn. D'fheadfa a rá gur togha fir a bhi ann, nar mhiste leis an saibhreas gaeilge agus ar bhain lei, a bhí aige feín o dhúchas a roint leis an bpobal pé ait ar cuireadh ag obair é. Conall Ó Domhnaill a bhí ann, an Conall ceanna atá anois ina Uachtaran ar an Oireachtas. Gura fada buan é agus gura fada buan é an coiste a thogh é mar Uachtaran.

Tá dea-chuimhne éile agam, mo chara, Gearóid Ó Lechláinn, fear mór drámaíochta, do theacht isteach chugam san oifig la i mBaile Atha Cliath agus scéal mór le h-insint aige domh - bhí an Rialtas sássta cabhrú le sceim chun amharclann a thogail i nGaoth Dobhair do na h-aistecír dilse dea-cilte a bhí tar eis cail a bhaint amach doibh fein ar fuaid na h-Eireann uile - Aistecír Gaoth Dobhair faoi Aine Nic Giolla Bhríde.

Ní beag san, tá an Ghaeilge beo fós i nGaoth Dobhair ach tá forbairt eacnamaíochta deanta agus a dheánamh sa cheantair - dhá rud nach reitionn i gconai lena cheile. Guim rath agus cabhair Dé ar lucht na Gaeilge i nGaoth Dobhair agus tá athas orm gur mheir mé chun athrú eacnamaíochta a fheiceail ag teacht agus ag fas ar mhaithe leis an bpobal Gaeltachta seo. Go raibh Oireachtas thar barr ann i mbliana! Molaim Conall Ó Domhnaill, Uachtaran, Máire Mhic Niallais, Runai; Pádraig Mac Suibhne agus Antoine Ó Dochartaigh, Cisteoirí; Noel Ó Gallchoir, Stiurthóir, agus an Coiste Áitiúl mar aon le Ó Dónaill eile, Aodh Ó Dónaill, Cathaoirleach, Aine Bn. Mhic Phionnlaoich, Riarthoir agus an Coiste Náisiúnta, go raibh toradh fonta ar a saothair go leir.

Eibhlín Ní Chathailriabhaigh. 21/9/'80.

Amhrán A' Bhaitseleara


Níl fhios agam fhéin caide'n cinéal saol é,
I don't understand it, maith no olc;
Mas é tincleoir fhéin é no an tailliúir aerach,
Or the rambling reice, faigheann sé bean:
Chan tincleoir mise no tailliúir aerach,
Agus foul Cha dearn mé 'riamh ar neach;
Mar sin fhéin, now 'tis quite plain now,
Gur lochtaí eigin a rinne mé loit.

I dtús mo shaoil domh, bhí mé rud beag aerach,
Na comharsain taobh liom, I fancied not;
Is mo mháthair fhéin a ra day by day liom,
That it's with the agent I should make the match:
Bhí Andy Healy ar a bhaile taobh liom,
Chomh maith le héinne 'bhí dul sa rath;
He'd give me Mary agus moín mar spré leithe,
And there wasn't her equal sa pharóiste ullig.
Ach muair a bhí mo flame-sa ar iníon an agent,
Sure Mary Healy had no chance;
So Joe McGeady, chuir sí 'nios le sceála
And I told him plainly gan 'theacht arais.

So d'imigh mé fhéin down to the agent,
To see if he'd take mé mar chliamhán isteach;
Ar a' ghunna leim se in a hell of a rage too,
And only for I was a racer, I'd be surely shot.
Elianta ina dhiaidh sin bhí iníon eile ag Healy,
But she was no way chomh maith le Moll;
Agus shil me féin now gur dheas an sceáil é,
Da bhfaighinn mar cheile í agus fortune maith:
Chuir me Mickey Neillie soir dha hiarraidh,
Saying I'd take no dowry maith no olc;
Ach 'sé duirt na Healys that I was grey now,
And that Kate wouldn't take mé da mba
liom Éire ar fad.

And now tá mé m'aonar ag dul san acis dom,
Without wife or baby a réiteadh beacht;
Ach tá iníon tincleoire thiar ar a' Cheídue,
And if she don't take me, well I must stop!

William Sling (the Younger).



Ceidh an Bhunbhig.

Bheadh sé deacair cur síos cruinn a dheánamh ar ca mhéad duine as Rann na Feirsde a chuaigh chuig Oireachtas na Gaeilge no ca mhead duais a bhuaigh siad le cupla scór bliain. I mbaille mar é a raibh an seanchas, an ceol agus an cultur dúchais go treán ann ariamh anall agus a dtímainig an tradisiún anuas ó ghlun go glun - amhráin ó Máire John agus Meádhbhá Thárlaigh Mhoir, siar go dtí ceol na nDálach. Seanchas ó Ghráinne Phroinnsiais, Sorcha Chonaill, Sean Néill, Johnny Sheiminis agus móran eile. Bhi na sean amhráin sin ar a dtóil ag léithidi Annie Murray, Hiúdai Fheidhlímidh, Eoghan Ó Donaill agus go leor eile a raibh ortha an choigchrioch a bhaint amach agus nach bhfuair an deis ariamh a dhul 'na phrionmh-chathrach. Ba bheag teach ar an bhaile mar sin nach raibh baint de chineál éigin acu le Féile Naísínta an Oireachtais a chuir Conradh na Gaeilge ar bun le nár saíocht dúchais a chaomhnú ag tuí an cheid seo.

Sa bhliain 1939, an bhliain a raibh comhchaidreamh na n-Ollscoil i Rann na Feirsde, fusair Hiúdai Phaidí Hiúdai cuireadh chuig an Oireachtas ar tus agus d'fhan sé i nÓstan an North Star ar ocht scillinge san oíche. Ní raibh iomaíocht ar bith ann an bhliain sin ach bhí i 1940 nuair a bhí sé fein agus Sean Bán i mbun agallamh beirte. Bhuaidh Hiúdai móran de na comórtas amhrain agus an Bonn Oir i 1958. B'annamh nach raibh an Fear Bán ag an Oireachtas go h-aigeantach i measc an cheoil agus thóig sé an chraobh leis sa scéalaíocht.

Ba i dtús na ndachaidí a chuaigh Neidí Frainc agus Donal Dhomhnachadh suas ar tus agus thabhuigh siad cluadafa fein 'san Agallamh Beirte. Is iomaí sin Oireachtas a raibh Neidí aige ó shoin, agus é i mbarr a réime 'sa scéalaíocht. Ins na blianta sin bhuaile siad le cuid eile de bhunadh Rann na Feirsde - teaghlaigh ceolmháir

Mhíci Hiúdai a bhí fa'n am seo i nGaealtacht na Mí. Ba mhnic sin Uachtaran an Oireachtais anois - Conall Ó Dómhnaill ar thus cadhnaíochta ins na comórtas amhráin. Ó'n t-sean-am anall, ba mhór an teach airneáil seanchais teach Sheáin Néill agus ní raibh i bhfad go raibh Míci Sheáin ar a chosán go Baile Atha Cliath agus cuid den uachtar arais leis. Mar Sean Bán, ní raibh Míci in easnamh ró-mhnic agus muna raibh an chead áit bainte amach aige 'sa scéalaíocht ní raibh sé i bhfad ar gcúl.

Bheadh sé deacair agus mé ag scríobh an ailt seo fa dheifre a rá cé a bhuaigh agus cé nar bhuaidh duaiseanna ach is beag acu nach raibh ar thus a' tsloígh am éigin - sár-scealai mar Niall Mhicheáil atá ar a shean leim go fóill, Gráinne Ní Dhónaill, Anna Ni Ghrianna, Séamus Ó Grianna, Bríd Ní Bhaoighill, Síle Ní Dhónaill, Bríd Ní Dhónaill, Eoghan agus Proinnsias Ó Grianna agus Donnchadh Ó Baoighill, mac 'dearthara do Mhíci Sheáin (an dara glún) a bhuaidh an chead áit sa scéalaíocht i 1978.

An áit a mbíonn an seanchas ládir fasann ng h-amhráin as dúséidh sin agus innstear an sceal tré mhean an cheoil. Thabhuigh Caitlín Ní Dhónaill cliu do Rann na Feirsde anuraidh ins an chomórtas amhráin ar an sean nos ainneoin comórtas dian óna Gaeltachtaí eile, an áit a bhfuil an nos seo ládir. B'annamh nach raibh amhránaithe Rann na Feirste i gcoimhlint an Oireachtais - Sean Ó Duibheannaigh, Sally Ní Ghallchóir, Dónal Ó Gallchóir. Maire Ní Bhaoighill. Gearóidín Ní Ghrianna. Donnchadh Ó Dómhnaill agus Aodh Óg Ó Duitheannaigh, a fuair an dara h-áit i gcomórtas na bhfear anuraidh. Ach is e an tuar dochais is mo atá againn anois go bhfuil na páistí óga ar an bhaile agus an Fhiannaíocht agus seanchas a sinsir ar a dtóil acu, tóigthe leo ó ghlún go glún mar ba dual daofa agus go mbéidh siad san iomaíocht anseo i nGaoth Dobhair. Is trua nach bhfuil na h-amhráin ar an sean-nós chomh maith acu agus atá an seanchas, ach nuair atá fás cheana fein i ngné amhráin tábhachtach d'ar gcultúr a leírlíonn neart na teangan ar a' bhaile ba chóir go dtiocfadh cuid amhráin Máire John 'na chuibhrinn arais ins an tsean-nós cheanna, ar cheol sise iad ina teach beag seasgair thíos ar bhruach na mara.

Is cúis lúchaire duinn uilig an Féile Naísínta seo a bheith i nGaoth Dobhair - ag pilleadh ar an dúchas as ar fáisceadh é agus is cinnte go gcuirfidh sé i gcuimhne do mhórán as Rann na Feirsde na h-Oireachtais ghlórímhara a raibh siad aige i mBaile Atha Cliath ón chead lá a chuaigh Aodh Ó Duibheannaigh ar a tsean traen, corradh le dhá scor bliain ó shoin.

Pádraig Ó Baoghill 19/9/'80.



Aisteoirí Ghaoth Dobhair ins "Na Cruiteacháin" ins na seascaidí. Ainmnigh iad.

GUTH₇ TUAIRIM, DOIRE BEAGA.